AN COIMISIÚN EORPACH
ARD-STIÚRTHÓIREACHT
CÁNACHAS AGUS AN tAONTAS CUSTAIM
Soláthar digiteach beartas custaim agus cánach
Próisis agus sonraí, caidreamh le custaiméirí agus pleanáil

An Bhruiséil, 30 Lúnasa 2023
taxud.b.1(2023)

Doiciméad oibre **GA**

Clárú agus Aitheantas Oibreoirí Eacnamaíocha

TREOIRDHOICIMÉAD

Séanadh

Ní mór a chur i dtábhacht nach gníomh atá ceangailteach ó thaobh dlí de é an doiciméad seo agus gur de chineál mínitheach é. Tá tosaíocht ag forálacha dlí maidir leis an reachtaíocht chustaim ar a bhfuil sa treoirdhoiciméad agus ba cheart iad sin a cheadú i gcónaí. Is iad téacsanna barántúla na gCoinbhinsiún agus ionstraimí dlí an Aontais Eorpaigh na téacsanna sin a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfadh treoracha náisiúnta nó nótaí míniúcháin a bheith ann chomh maith leis an doiciméad seo.

CLÁR NA nÁBHAR

Séanadh 2

Liosta giorrúchán agus acrainmneacha 4

Réamhrá 5

Cuspóir 5
Stádas agus nuashonruithe 5
Sainmhínithe 6

1. Clárú 7

1.1. Cé dó ar cheart clárú le haghaidh uimhir EORI? 7

1.1.1. Oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais 7
1.1.2. Oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais 8
1.1.3. Daoine nach oibreoirí eacnamaíocha iad (Airteagal 6 CCA GT) 9
1.1.4. Ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, misin taidhleoireachta tríú tír, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha 10
1.1.5. Eagraíocht mhíleata 10
1.1.6. Iarratasóirí agus a n-ionadaithe a iarrann go ndéanfaidh údaráis chustaim beart maidir le hearraí a bhfuil amhras fúthu go bhfuil sárú ar CMI á dhéanamh acu 11

1.2. Láthair an chláraithe 11

1.2.1. Oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais (féach roinn 1.1.1), ní mór d'údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe iad a chlárú (féach Airteagal 9(1) de CCA) 11
1.2.2. Oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, ní mór d'údarás custaim an Bhallstáit iad a chlárú arb é an Ballstát sin ina bhfuil coinne acu go ndéanfaidh siad ceann de na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointe 1.1.2 ar dtús (féach Airteagal 5(6) de CCA GT) 14

1.3. An próiseas clárúcháin 14

1.3.1. Sonraí a stóráiltear i lárchóras EORI 15
1.3.2. Cur ó bhail agus scriosadh uimhir EORI 16

2. Uimhir EORI a úsáid 17

3. Gníomhaithe atá rannpháirteach i gcóras EORI agus a bpríomhghníomhaíochtaí 26

3.1. An Coimisiún Eorpach 26

3.2. Ballstáit 26

3.3. Oibreoirí eacnamaíocha nó daoine eile 27

3.4. Úsáideoirí 27

4. Cosaint sonraí pearsanta agus EORI 28

4.1. Ginearálta 28
4.1.1. Faisnéis atá le soláthar 28
4.1.2. Foilsiú sonraí aitheantais agus clárúcháin 29

Iarscríbhinn I 31

Iarscríbhinn II 36

Liosta giorrúchán agus acrainmneacha

AEO	Oibreoir Eacnamaíoch Údaraithe
ATA	'Admission Temporaire/Cead isteach sealadach'
CPD	Pas custam
EO	Oibreoir eacnamaíoch
EORI	Clárú agus Aitheantas Oibreoirí Eacnamaíocha
EOS	Córas Oibreoirí Eacnamaíocha
AE	An tAontas Eorpach
IO	Iris Oifigiúil
BS	Ballstát
TIR	Transports Internationaux Routiers (Iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar)
CCA	Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais
CCA GT	Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe a bhaineann le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais
CCA GCCF	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais
CBL	Cáin Bhreisluacha

Réamhrá

Cuspóir

Is é is príomhchuspóir do Threoraíocht EORI cur chun feidhme aonfhoirmeach agus comhthuiscint a áirithiú i ndáil leis an reachtaíocht maidir le EORI i measc riaracháin chustaim na mBallstát agus trádálaithe faoi reachtaíocht CCA.

Stádas agus nuashonruithe

Bunaítear córas EORI chun an clárú oibreoirí eacnamaíocha a leagtar síos in Airteagal 9 de CCA a éascú.

Ciallaíonn uimhir EORI uimhir aitheantais, ar uimhir uathúil í i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh, a sannann údarás custaim í d'oibreoir eacnamaíoch nó do dhuine eile chun an duine sin a chlárú chun críoch custaim (Airteagal 1(18) CCA GT). Na rialacha a bhaineann le huimhreacha EORI, leagtar síos iad in Airteagal 9 de CCA, Airteagail 3 go 7 de CCA GT, agus Airteagail 6 agus 7 de CCA GCCF.

Na forálacha maidir le huimhir EORI, ní theorannaítear leo na cearta agus na hoibleagáidí a dhíorthaítear ó rialacha lena rialaítear an ceanglas clárú le haghaidh aon uimhir aitheantais, agus aon uimhir aitheantais a fháil, a d'fhéadfadh a bheith de dhíth i mBallstáit aonair i réimsí seachas réimse an chustaim, mar shampla cánachas nó staitisticí, ná ní dhéantar dochar leo do na cearta agus do na hoibleagáidí sin.

Ach clárú, chun críoch custaim, i mBallstát amháin, is féidir le hoibreoirí uimhir EORI a fháil atá bailí ar fud an Aontais Eorpaigh. Is léir, chun tairbhe iomlán a bhaint as úsáid uimhreach aitheantais uathúla, nach mór do shealbhóirí uimhir EORI a úsáid – nuair a shannfar í – i ngach cumarsáid le haon údarás custaim san Aontas i gcás ina bhfuil gá le haitheantóir custaim.

Ní mór rochtain éasca iontaofa a bheith ag údaráis chustaim san Aontas ar shonraí clárúcháin agus aitheantais na n-oibreoirí. Chun é sin a áirithiú, forbraíodh lárchóras leictreonach chun sonraí maidir le clárú oibreoirí eacnamaíocha agus daoine eile a stóráil agus chun sonraí maidir le huimhreacha EORI a mhalartú idir údaráis chustaim. Coinnítear sa lárchóras sin sonraí a liostaítear i gCaibidil 3, Teideal I, Iarscríbhinn 12-01 a ghabhann le CCA GT.

Údaráis chustaim inniúla na mBallstát a shannann uimhir EORI saor in aisce don duine i gceist.

Leagtar síos in Iarscríbhinn 12-01 a ghabhann le CCA GT na comhcheanglais maidir le sonraí le haghaidh clárú oibreoirí eacnamaíocha agus daoine eile, agus leagtar síos in Iarscríbhinn 12-01 de CCA GCCF formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sin maidir le sonraí.

Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341, lena mbunaítear rialacha idirthréimhseacha le haghaidh forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais i gcás nach bhfuil na córais leictreonacha ábhartha ag feidhmiú go fóill, níl feidhm aige a thuilleadh maidir le EORI ón 5 Márta 2018. Mar sin féin, tá feidhm aige maidir leis an dearbhú custaim fad nach dtugtar an córas náisiúnta chun na hearraí a dhearbhú cothrom le dáta i gcomhréir le reachtaíocht CCA. Sa chomhthéacs sin, gach tagairt d'Iarscríbhinn B de CCA GT sa doiciméad seo, ba cheart í a léamh mar thagairt d'Iarscríbhinn 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 i gcás na mBallstát sin nár tugadh a gcórais dearbhaithe chun dáta i gcomhréir le ceanglais CCA.

Mar thoradh ar thaithí phraiticiúil agus i bhfianaise na gcásanna an-sonrach a eascraíonn as cur chun feidhme EORI, ní mór Treoirlínte EORI a mhíniú agus a léiriú a thuilleadh le samplaí den dea-chleachtas ar bhonn leanúnach nuair a bheidh gá leis sin.

Sainmhínithe

Ciallaíonn *'oibreoir eacnamaíoch'* duine a ghabhann, le linn a ghnó, do ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim (Airteagal 5(5) de CCA).

ciallaíonn 'duine' duine nádúrtha, duine dlítheanach agus aon chomhlachas daoine nach bhfuil ina dhuine dlítheanach ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh (Airteagal 5(4) de CCA).

Ciallaíonn *'duine atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh'*:

(a) i gcás duine nádúrtha, aon duine a bhfuil gnáthchónaí air i gcríoch chustaim an Aontais;
(b) i gcás duine dhlítheanaigh nó comhlachais daoine, a bhfuil a oifig chláraithe, a cheannáras lárnach nó buanbhunaíocht ghnó aige i gcríoch chustaim an Aontais (Airteagl 5(31) de CCA).

Ciallaíonn *'buanbhunaíocht ghnó'*:

- áit sheasta ghnó, sa chás ina bhfuil na hacmhainní daonna agus na hacmhainní teicniúla riachtanacha i láthair go buan

agus

- trína ndéantar oibríochtaí custaim duine ina n-iomláine nó go páirteach (Airteagal 5(32) de CCA).

Sainmhínítear *'críoch chustaim an Aontais'* in Airteagal 4 de CCA.

1. CLÁRÚ

1.1. Cé dó ar cheart clárú le haghaidh uimhir EORI?

1.1.1. Oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais

Oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe san Aontas, ba cheart dóibh a bheith cláraithe sa Bhallstát ina mbunaítear iad i gcónaí. Fiú i gcás ina ndéantar an chéad oibríocht i mBallstát eile, ní mór d'oibreoirí eacnamaíocha iarraidh ar an mBallstát ina bhfuil siad bunaithe chun uimhir EORI a shannadh dóibh.

Sa phróiseas clárúcháin, ní mór d'oibreoirí eacnamaíocha cloí le rialacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe.

Sainmhínítear i ndlí náisiúnta gach Ballstáit a bhfuil i gceist le duine nádúrtha, duine dlítheanach, nó comhlachas daoine a n-aithnítear go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh ach nach bhfuil stádas dlíthiúil duine dhlítheanaigh aige.

In Iarscríbhinn II a ghabhann leis an doiciméad seo, tugtar samplaí d'fhoirmeacha dlíthiúla arb é atá iontu de réir dlí náisiúnta na mBallstát daoine dlítheanacha nó comhlachais daoine a n-aithnítear go bhfuil an inniúlacht acu gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh ach nach bhfuil stádas dlíthiúil duine dhlítheanaigh acu.

Eintitis ar daoine dlítheanacha iad nó a bhfuil an inniúlacht acu gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh ach nach bhfuil stádas dlíthiúil duine dhlítheanaigh acu agus, le linn a ngnó, a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim, nó mór uimhir EORI a shannadh dóibh. Ní fhéadfar ach aon uimhir EORI amháin a bheith ag gach eintiteas agus ní mór an uimhir sin a úsáid, de réir mar is gá, i ngach cumarsáid le haon údarás custaim san Aontas Eorpach.

Dá bhrí sin, maidir le soláthróir atá bunaithe san Aontas nach ngabhann do ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim agus a sholáthraíonn amhábhair atá i saorchúrsaíocht cheana féin do mhonaróir atá bunaithe san Aontas, níl aon oibleagáid air iarratas a dhéanamh ar uimhir EORI. Ar an gcaoi chéanna, maidir le hoibreoir iompair nach ngabhann d'aon ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim in aon Bhallstát agus nach ndéanann ach earraí i saorchúrsaíocht a ghluaiseacht laistigh de chríoch chustaim an Aontais, ní bheidh ceangal air uimhir EORI a fháil.

Ba cheart a chur san áireamh go bhféadfadh sé, de dheasca nós imeachta riaracháin dá bhforáiltear i reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit, go mbeadh roinnt laethanta i gceist le clárú EORI. Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha an nós imeachta clárúcháin le haghaidh uimhir EORI a thionscnamh sula dtosóidh siad gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim, e.g. sula dtosóidh siad a n-oibríochtaí onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin (má bheartaítear oibríochtaí den sórt sin, mar gheall ar ghníomhaíocht ghnó an duine lena mbaineann, a dhéanamh go han-luath).

Cásanna sonracha le haghaidh chlárú EORI:

a) Duine nádúrtha a athraíonn a áit chónaithe.

I gcás duine nádúrtha ag a bhfuil uimhir EORI arna sannadh dó ag Ballstát ina bhfuil sé ina chónaí agus má tá a áit chónaithe á hathrú ag an duine sin ón mBallstát eisiúna go Ballstát eile, ní gá iarratas a dhéanamh ar uimhir EORI eile.

Sampla:
Duine nádúrtha atá cláraithe san Ostair a bhfuil uimhir EORI aige agus atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó san Ostair, tá a ghnátháit chónaithe á hathrú ón Ostair go dtí an Ghearmáin aige ach leanann sé dá ghníomhaíochtaí gnó a dhéanamh san Ostair.

Toisc nár tháinig aon athrú ar chéannacht an duine, ní gá clárú EORI a athrú. Ní mór don duine clárú EORI san Ostair a choimeád agus ní gá dó ach a ghnátháit chónaithe a athrú i mbunachar sonraí EORI.

b) Cé nach n-éilítear uimhir EORI ar carnets ATA ná CPD, oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais a bhfuil carnet den sórt sin aige, ní mór dó a bheith cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 9(1) CCA.

Sampla:

Oibreoir eacnamaíoch ón nGearmáin a dhearbhaíonn earraí le haghaidh onnmhairiú sealadach le haghaidh taispeántais faoi carnet ATA, nó mór dó a bheith cláraithe i mbunachar sonraí EORI.

1.1.2. Oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais

Oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, clárófar iad le haghaidh uimhir EORI má dhéanann siad ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas (féach Airteagal 5 de CCA GT):

(a) dearbhú custaim seachas na dearbhuithe seo a leanas a thaisceadh i gcríoch chustaim an Aontais:

i. Dearbhú custaim a dhéantar i gcomhréir le hAirteagail 135 go 144 de CCA GT.

- Dearbhú ó bhéal mar a shonraítear in Airteagail 135-137
- Dearbhú custaim a dhéantar le haon ghníomh eile mar a shonraítear in Airteagail 138-142
- Dearbhú custaim páipéarbhunaithe mar a shonraítear in Airteagal 143
- Coinsíneachtaí poist mar a shonraítear in Airteagal 144

ii. Dearbhú custaim a dhéantar le haghaidh cead isteach sealadach (e.g. le haghaidh taispeántais) nó dearbhú ath-onnmhairiúcháin chun an nós imeachta sin a chomhlíonadh.

Mar sin féin, oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, cláróidh siad leis na húdaráis chustaim roimh dhearbhú custaim a thaisceadh chun earraí a chur faoin gcead isteach sealadach nó dearbhú ath-onnmhairiúcháin chun an nós imeachta sin a chomhlíonadh i gcás ina gceanglaítear clárú chun an córas bainistíochta ráthaithe coiteann a úsáid.

Oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais a bhfuil carnets ATA nó CPD acu, ní bheidh orthu clárú le haghaidh uimhir EORI chun earraí a chur faoi chead isteach sealadach nó dearbhú ath-onnmhairiúcháin chun an nós imeachta sin a chomhlíonadh.

Sampla:

Oibreoir eacnamaíoch Ceanadach a dhearbhaíonn earraí le haghaidh cead isteach sealadach faoi carnet ATA, ní gá dó iarratas a dhéanamh ar uimhir EORI.

iii. Dearbhú custaim a dhéanann oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe i dtír chomhchoiteann idirthurais faoin gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach[1].

Mar sin féin, oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe i dtír chomhchoiteann idirthurais, cláróidh siad leis na húdaráis chustaim roimh dhearbhú custaim a thaisceadh faoin gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach i gcás ina bhfuil sonraí sa dearbhú sin maidir le dearbhú iontrála achomair nó i gcás ina n-úsáidtear é mar dhearbhú réamhimeachta.

iv. Dearbhú custaim a dhéanann oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe in Andóra nó i San Mairíne faoi nós imeachta idirthurais an Aontais.

Mar sin féin, oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe in Andóra nó i San Mairíne, cláróidh siad leis na húdaráis chustaim roimh dhearbhú custaim a thaisceadh faoi nós imeachta idirthurais an Aontais i gcás ina bhfuil sonraí sa dearbhú sin maidir le dearbhú iontrála achomair nó i gcás ina n-úsáidtear é mar dhearbhú réamhimeachta.

(b) dearbhú imeachta nó iontrála achomair a thaisceadh i gcríoch chustaim an Aontais;

(c) dearbhú stórais shealadaigh a thaisceadh i gcríoch chustaim an Aontais;

(d) gníomhú mar iompróir chun críoch iompair ar muir, ar uiscebhealach intíre nó san aer;

Mar sin féin, maidir le hoibreoir eacnamaíoch a ghníomhaíonn mar iompróir chun críoch iompair ar muir, ar uiscebhealach intíre nó san aer, más rud é gur sannadh uimhir aitheantais uathúil tríú tír dó faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a n-aithníonn an tAontas é, ní chlároidh sé.

(e) gníomhú mar iompróir atá nasctha leis an gcóras custaim agus ar mian leis aon cheann de na fógraí dá bhforáiltear sa reachtaíocht chustaim maidir le dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh nó a leasú.

Sampla:

Onnmhaireoir ón tSín nó ón Eilvéis a gcoinsínítear a n-earraí do choinsíní san Aontas, ní cheanglaítear air iarratas a dhéanamh ar uimhir EORI. Mar sin féin, más mian leis, mar shampla, ceann de na dearbhuithe thuasluaite a thaisceadh san Aontas, ní mór dó a bheith cláraithe le haghaidh uimhir EORI.

(f) clárú agus formhuiniú ar chruthúnas ar stádas custaim d'earraí de chuid an Aontais a iarraidh.

Á chur san áireamh go bhféadfadh roinnt laethanta a bheith i gceist leis an bpróiseas clárúcháin i ngeall ar nós imeachta riaracháin dá bhforáiltear i reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit, maidir le hoibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach, moltar dóibh clárú roimh ré sa Bhallstát ina mbeartaíonn siad tosú ar aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear thuas den chéad uair (tá sonraí i roinn 1.2 maidir leis na húdaráis atá freagrach as clárú EORI).

1.1.3. **Daoine nach oibreoirí eacnamaíocha iad** (Airteagal 6 CCA GT)

Daoine nach oibreoirí eacnamaíocha iad, clárófar iad sna cásanna seo a leanas:

(a) I gcás ina gceanglaítear an clárú sin le reachtaíocht an Aontais nó le reachtaíocht Bhallstáit;

[1] IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

nó

(b) I gcás ina ngabhann an duine d'oibríochtaí nach mór uimhir EORI a sholáthar ina leith de bhun Iarscríbhinn A agus Iarscríbhinn B de CCA GT

I gcás ina ndéanann duine nach oibreoir eacnamaíoch é dearbhú custaim ó bhéal a thaisceadh, níl gá le huimhir EORI.

Daoine nach oibreoirí eacnamaíocha iad a bhfuil carnets ATA nó carnets CPD acu, ní bheidh orthu clárú le haghaidh uimhir EORI chun earraí a chur faoi chead isteach sealadach nó dearbhú ath-onnmhairiúcháin chun an nós imeachta sin a chomhlíonadh.

De bhun Airteagal 6(2) de CCA GT, níl gá le clárú i gcás nach dtaisceann an duine dearbhú custaim ach go hannamh agus i gcás ina measann na húdaráis chustaim go bhfuil údar leis sin.
Ag brath ar na coinníollacha sonracha, féadfaidh údarás custaim an Bhallstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an uaslíon dearbhuithe custaim sa bhliain is féidir le duine a thaisceadh gan uimhir EORI a shannadh dó.

1.1.4. Ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, misin taidhleoireachta tríú tír, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha

Níl ceangal ar ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais ná ar mhisin taidhleoireachta tríú tír uimhreacha EORI a iarraidh.

Sampla:
Ambasáid na Gearmáine i Ságrab, ní oibreoir eacnamaíoch í an ambasáid mar a shainmhínítear in Airteagal 5(5) de CCA. Ní gá clárú in EORI dá bhrí sin.

Más rud é go bhfuil gá le clárú ar chúiseanna pragmatacha, mar shampla toisc go ngabhann Ambasáid na Gearmáine i Ságrab d'oibríochtaí nach mór uimhir EORI a sholáthar ina leith, de bhun Airteagal 9(3)(a) de CCA, is iad údaráis chustaim na Cróite atá ar an údarás inniúil chun uimhir EORI a eisiúint mar tá Ambasáid na Gearmáine in Ságrab bunaithe sa Chróit.

Tá gá le hanailís cás ar chás le haghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Mar riail ghinearálta (cé is moite d'eisceachtaí áirithe), ní bhíonn eagraíochtaí idirnáisiúnta ag gabháil do ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim agus ní bhíonn 'gnó' ar bun acu. Mar sin féin, ní féidir a chur as an áireamh i gcásanna áirithe go mbíonn siad ag gabháil do ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim agus dá bhrí sin leithdháilfear uimhir EORI orthu.
D'fhéadfadh sé go mbeadh tréithe gnó áirithe ag baint le gníomhaíochtaí eagraíochtaí neamhrialtasacha. Dá bhrí sin, beidh cuid díobh cáilithe mar oibreoirí eacnamaíocha agus beidh uimhir EORI de dhíth orthu fiú i gcás ina bhfuil díolúine ó dhleachtanna custaim ag formhór a n-oibríochtaí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin.

1.1.5. Eagraíocht mhíleata

Meastar eagraíochtaí míleata mar dhuine nach oibreoir eacnamaíoch é agus dá bhí sin ba cheart dóibh a bheith cláraithe más rud é:

– go gceanglaítear an clárú sin le reachtaíocht an Aontais nó leis an reachtaíocht náisiúnta nó
– go ngabhann siad d'oibríochtaí nach mór uimhir EORI a sholáthar ina leith agus
– go measann údarás custaim an Bhallstáit nach go hannamh amháin a bhíonn dearbhuithe custaim á dtaisceadh ag an eagraíocht mhíleata.

1.1.6. Iarratasóirí agus a n-ionadaithe a iarrann go ndéanfaidh údaráis chustaim beart maidir le hearraí a bhfuil amhras fúthu go bhfuil sárú ar CMI á dhéanamh acu

Maidir le hiarratasóirí agus a n-ionadaithe a iarrann go ndéanfaidh údaráis chustaim beart maidir le hearraí a bhfuil amhras fúthu go bhfuil sárú ar CMI á dhéanamh acu, meastar iad mar dhuine nach oibreoir eacnamaíoch é agus dá bhrí sin ba cheart dóibh a bheith cláraithe (Airteagal 6(1)(a) CCA GT) mar ceanglaítear clárú den sórt sin le reachtaíocht an Aontais maidir le forfheidhmiú custaim ceart maoine intleachtúla (Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1209 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1352/2013 lena mbunaítear na foirmeacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú custaim ceart maoine intleachtúla).

1.2. Láthair an chláraithe

1.2.1. Oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais (féach roinn 1.1.1)**, ní mór d'údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe iad a chlárú** (féach Airteagal 9(1) de CCA)

Sampla:
Tá Cuideachta C bunaithe sa tSualainn agus taisceann sí dearbhú allmhairiúcháin san Ungáir. Toisc go bhfuil Cuideachta C bunaithe sa tSualainn, ní mór uimhir EORI a shannann údarás custaim na Sualainne a bheith aici fiú más san Ungáir a dhéantar a gníomhaíochtaí custaim ina n-iomláine. Ba cheart an uimhir EORI sin a dhearbhú le haghaidh grúpa sonraí 'Dearbhóir' i bhfo-eilimint 13 05 017 00 'Uimhir aitheantais' (sean-E.S. 13 05 017 000 ('uimhir aitheantais an dearbhóra').

Cásanna sonracha le haghaidh chlárú EORI – Cuideachtaí ilnáisiúnta

Cuirtear dhá bhunphrionsabal i bhfeidhm le cinneadh cén áit a n-eiseofar a n-uimhir EORI:
- ní mór 'duine' a bheith san oibreoir eacnamaíoch (mar a shainmhínítear le hAirteagal 5(4) de CCA) laistigh de Bhallstát ar leith den Aontas;
- níor cheart ach uimhir EORI amháin a eisiúint in aghaidh gach 'duine'.

Máthairchuideachta agus roinnt eintiteas a bhíonn i gcuideachtaí ilnáisiúnta go hiondúil, agus is **duine dlítheanach ar leith** iad gach ceann díobh, i.e. eintiteas dlítheanach ar leith atá cláraithe sa chlár cuideachtaí áitiúil i gcomhréir le dlí na gcuideachtaí sa Bhallstát ina bhfuil an t-eintiteas ábhartha bunaithe, nó bíonn siad i bhfoirm **comhlachas daoine** a n-aithnítear go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh ach nach bhfuil stádas dlíthiúil duine dhlítheanaigh aige.
Sna cásanna sin, gach eintiteas ar 'duine' ar leith é agus 'a ghabhann do ghníomhaíochtaí gnó a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim', is féidir leis a uimhir EORI féin a fháil.

Sampla:
Tá máthairchuideachta P bunaithe sa Ghearmáin. Tá dhá eintiteas aige: S1 atá cláraithe sa Bheilg, agus S2 atá cláraithe san Ostair. Is daoine dlítheanacha iad araon.

Níl máthairchuideachta P rannpháirteach in aon ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim in aon Bhallstát, ach tá a heintitis rannpháirteach i ngníomhaíochtaí den sórt sin.

Ní gá uimhir EORI a shannadh do mháthairchuideachta P mar ní oibreoir eacnamaíoch í mar a shainmhínítear in Airteagal 5(5) de CCA (níl an chuideachta rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim in aon Bhallstát). Mar sin féin, beidh a heintitis faoi réir na hoibleagáide a fhorchuirtear le hAirteagal 9 CCA agus beidh uimhir EORI de dhíth orthu. Uimhir EORI a shannfaidh údarás custaim na Beilge a bheidh ag eintiteas S1 agus uimhir EORI a shannfaidh údarás custaim na hOstaire a bheidh an eintiteas S2.

Cuideachtaí ilnáisiúnta: ní 'daoine' iad eintitis áirithe, mar a shainmhínítear le hAirteagal 5(4) de CCA

Is féidir máthairchuideachta mar aon le roinnt eintitis atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla a bheith i gcuideachtaí ilnáisiúnta freisin. Faoi dhlí náisiúnta na gcuideachtaí, is **'daoine'** iad cuid de na heintitis sin, i.e. eintiteas dlítheanach ar leith atá cláraithe sa chlár cuideachtaí áitiúil **i gcomhréir le dlí na gcuideachtaí sa Bhallstát** ina bhfuil an t-eintiteas ábhartha bunaithe, nó is comhlachas daoine iad a n-aithnítear go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh ach nach bhfuil stádas dlíthiúil duine dhlítheanaigh aige. Mar sin féin, is oifigí, áitribh, nó suíomhanna eile den chuideachta féin iad cuid eile ach ní 'daoine' iad mar a shainmhínítear le hAirteagal 5(4) de CCA agus, dá bhrí sin, ní féidir uimhir EORI a shannadh d'eintitis den sórt sin.

Ní fhéadfaidh ach 'duine' gníomhú in idirbhearta custaim nó a bheith ina pháirtí iontu, e.g. dearbhú custaim a thaisceadh (Airteagal 5(12) de CCA), a bheith ina ionadaí (Airteagal 18 de CCA) nó ní fhéadfar údarú le haghaidh nós imeachta speisialta custaim a dheonú ach do 'dhuine' (sna cásanna sin go léir, tagraíonn CCA, CCA GT nó CCA GCCF do 'dhuine').

Sampla 1:
Tá máthairchuideachta C bunaithe sa Fhrainc. Tá heintitis seo a leanas aici: S1 atá bunaithe san Eastóin, S2 atá bunaithe sa Ghearmáin, agus S3 atá bunaithe san Ísiltír. Ní 'daoine' iad aon cheann de na heintitis sin, mar a shainmhínítear le hAirteagal 5(4) de CCA.

Tá máthairchuideachta C ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim i roinnt Ballstát.

Sannfaidh údarás custaim na Fraince uimhir EORI do mháthairchuideachta C mar is 'oibreoir eacnamaíoch' í (is duine í agus, le linn a gnó, bíonn sí ag gabháil do ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim) atá bunaithe sa Fhrainc.

Ní bheidh uimhir EORI ag a heintitis (S1, S2 agus S3) mar ní duine é aon cheann díobh mar a shainmhínítear le hAirteagal 5(4) de CCA.

Dá réir sin, nuair a thaisceann máthairchuideachta C dearbhú custaim tráth an allmhairiúcháin le haghaidh earraí a sheachadfar chuig ceann dá heintitis, ba cheart uimhir EORI mháthairchuideachta C a sholáthar le haghaidh E.S. 13, grúpa sonraí 'Allmhaireoir' i bhfo-eilimint 13 04 017 000 'Uimhir aitheantais' (sean-E.S. 3/16 'Uimhir aitheantais an allmhaireora') agus grúpa sonraí 'Dearbhóir' i bhfo-eilimint 13 05 017 00 'Uimhir aitheantais' (sean-E.S. 13 05 017 000 'Uimhir aitheantais an dearbhóra').

Sampla 2:
Tá máthairchuideachta PC bunaithe sa Ghearmáin. Tá heintitis seo a leanas aici: E1 atá bunaithe san Ostair, E2 atá bunaithe sa Rómáin, agus E3 atá bunaithe sa tSlóvaic.

Tá eintiteas E1 cláraithe san Ostair agus is duine dlítheanach é faoi dhlí na hOstaire. Maidir le heintitis E2 agus E3, ní daoine dlítheanacha ná comhlachais daoine iad a n-aithnítear go bhfuil an inniúlacht acu gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh ach nach bhfuil stádas dlíthiúil duine

dhlítheanaigh acu faoi dhlí na Rómáine agus na Slóvaice faoi seach. Dá réir sin, ní 'daoine' iad, mar a shainmhínítear le hAirteagal 5(4) de CCA.

Tá máthairchuideachta PC agus eintiteas E1 ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim i roinnt Ballstát.

Sannfar uimhir EORI do mháthairchuideachta PC agus d'eintiteas E1 mar is 'oibreoirí eacnamaíocha' iad mar a shainmhínítear in Airteagal 5(5) de CCA (is daoine iad agus bíonn siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim le linn a ngnó). Údaráis chustaim na Gearmáine a shannfaidh uimhir EORI do mháthairchuideachta PC agus údarás custaim na hOstaire a shannfaidh uimhir EORI d'eintiteas E1.

Ní bheidh uimhir EORI ag eintitis E2 ná E3 mar ní 'duine' é ceachtar acu mar a shainmhínítear le hAirteagal 5(4) de CCA agus, dá réir sin, ní 'oibreoirí eacnamaíocha' iad.

Féadfaidh eintiteas E1 dearbhú custaim a thaisceadh. Mar sin féin, féadfaidh máthairchuideachta PC gníomhú mar ionadaí eintiteas E1 freisin. Déanfaidh cuideachta PC dearbhú custaim tráth an allmhairiúcháin le haghaidh earraí a sheachadfar d'eintiteas E1. Ba cheart uimhir EORI chuideachta PC a sholáthar le haghaidh grúpa sonraí 'Dearbhóir' i bhfo-eilimint 13 05 017 000 00 'Uimhir aitheantais' (sean-E.S. 'Uimhir aitheantais an dearbhóra') ach ba cheart uimhir EORI eintiteas E1 a sholáthar le haghaidh grúpa sonraí 'Allmhaireoir' i bhfo-eilimint 13 04 017 000 'Uimhir aitheantais' (sean-E.S. 'Uimhir aitheantais an allmhaireora').

Maidir le heintitis E2 agus E3, féach sampla 1 freisin.

Sampla 3:
Duine dlítheanach is ea máthairchuideachta P ag a bhfuil an ceanncheathrú sna Stáit Aontaithe. Tá heintitis seo a leanas aici: oifig chláraithe R1 atá bunaithe in Éirinn, oifig chláraithe R2 atá bunaithe sa Pholainn, agus oifig chláraithe R3 atá bunaithe sa Danmhairg.

Maidir le hoifig chláraithe R1, R2 agus R3, ní daoine dlítheanacha ná comhlachais daoine iad a n-aithnítear go bhfuil an inniúlacht acu gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh ach nach bhfuil stádas dlíthiúil duine dhlítheanaigh acu faoi dhlí na tíre ina bhfuil siad bunaithe. Dá bhrí sin, ní 'duine' é aon cheann díobh mar a shainmhínítear le hAirteagal 5(4) de CCA.

Tá máthairchuideachta P ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim trí gach ceann dá trí eintiteas Eorpacha.

Dá réir sin, is oibreoir eacnamaíoch í cuideachta P (Airteagal 5(5) de CCA: is 'duine' í agus, le linn a gnó, bíonn sí ag gabháil do ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim). Tá sí bunaithe san Aontas freisin mar tá oifigí cláraithe aici san Aontas (Airteagal 5(31) de CCA). Beidh uimhir EORI de dhíth ar chuideachta P. **Mar sin féin, chun críoch custaim, ní fhéadfar ach aon uimhir EORI amháin a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha agus ag daoine eile.**

Dá bhrí sin, cé go bhfuil oifigí cláraithe ag cuideachta P i roinnt Ballstát, ní fhéadfaidh sí iarratas a dhéanamh ach ar **aon uimhir EORI amháin** arna sannadh ag ceann amháin de na Ballstáit sin, cibé acu Éire nó an Pholainn nó an Danmhairg, agus ní fhéadfaidh sí ach aon uimhir EORI amháin a úsáid. Léireofar seoladh chuideachta P sna Stáit Aontaithe sna sonraí clárúcháin mar sheoladh a bunaíochta fiú i gcás ina meastar go bhfuil sí bunaithe freisin i dtrí Bhallstát agus trí oifig chláraithe aici iontu. I gcás oibreoirí eacnamaíocha ag a bhfuil seoladh i dtríú tír, tá sé éigeantach a léiriú cibé acu atá nó nach bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, agus beidh an léiriú sin ina chuid den chlárú i mbunachar sonraí EORI freisin.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil a heintitis lonnaithe i roinnt Ballstáit éagsúla. I ngach ceann de na Ballstáit sin, d'fhéadfadh sé go gceanglófar ar Chuideachta P clárú le haghaidh uimhir aitheantais, agus uimhir aitheantais a fháil, a úsáidtear i réimsí seachas réimse an chustaim, mar shampla cánachas nó staitisticí, mar shampla uimhir CBL.

1.2.2. Oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, ní mór d'údarás custaim an Bhallstáit iad a chlárú arb é an Ballstát sin ina bhfuil coinne acu go ndéanfaidh siad ceann de na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointe 1.1.2 ar dtús (féach Airteagal 5(6) de CCA GT)

I gcás ina gceanglaítear clárú, déanfar é sin:

- leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina dtaisceann an t-oibreoir eacnamaíoch dearbhú

nó

- leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina ndéanann an t-oibreoir eacnamaíoch iarratas ar chinneadh

Sampla:

Tá cuideachta C bunaithe sa Rúis agus is í a oibríonn an modh iompair trína dtugtar earraí isteach ar chríoch chustaim an Aontais.

Baineann a hoibríochtaí iompair le roinnt Ballstát. Iompróidh cuideachta C earraí agus taiscfidh sí an chéad dearbhú iontrála achomair sa Pholainn. Ní mór uimhir EORI an duine a thaisceann an dearbhú (Dearbhóir) a chur ar áireamh leis an dearbhú iontrála achomair. Ba cheart do chuideachta C cloí le forálacha náisiúnta na Polainne chun uimhir EORI a fháil. An uimhir EORI a shannfar, úsáidfear í chun an dearbhú iontrála achomair a líonadh isteach agus chun cuideachta C a shainaithint amach anseo i ngach plé leis na húdaráis chustaim san Aontas.

Sampla:

An t-iarratasóir ar chinneadh maidir le Faisnéis Taraife Cheangailteach, cláróidh sé roimh iarratas a dhéanamh ar chinneadh maidir le BTI.

I gcás iarratas a dhéantar le teicníc leictreonach próiseála sonraí, soláthrófar uimhir EORI an iarratasóra i gcónaí (E.S. 3/2 aitheantas iarratasóir/shealbhóir an údaraithe nó an chinnidh).

1.3. An próiseas clárúcháin

Soláthraítear i reachtaíocht náisiúnta na mBallstát na rialacha maidir leis an bpróiseas clárúcháin chun uimhir EORI a shannadh.

Sampla de chásanna ina bhfuil an ceart ag údarás custaim diúltú d'oibreoir eacnamaíoch nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais a chlárú:
a) tá foras réasúnta ag an údarás custaim chun glacadh leis nach ndéanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch dearbhú a thaisceadh ná cur isteach ar chinneadh ar dtús sa Bhallstát ina n-iarrann sé uimhir EORI;

b) iarrann oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe i dtríú tír uimhir EORI nua cé go bhfuil uimhir EORI acu cheana ar shann Ballstát eile í nó ar shann údarás custaim na Ríochta Aontaithe í i leith Thuaisceart Éireann.

Níor cheart d'údaráis chustaim ón mBallstát clárú na sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn 12-01 a ghabhann le CCA GT a thabhairt chun críche go dtí go ndéanfar an fhaisnéis arna soláthar a fhíordheimhniú.

Roimh uimhir EORI a shannadh, ba cheart do na húdaráis fhreagracha sna Ballstáit dul i gcomhairle le córas EORI le deimhniú nár sannadh uimhir don duine cheana féin. Ba cheart do na comhairliúcháin a bheith bunaithe ar litriú ainm an duine a léirítear sna doiciméid aitheantais. Ba cheart an uimhir aitheantais (uimhir CBL, TCUIN) a sheiceáil freisin chun an riosca clárúchán dúbailte de dheasca mílitriú a sheachaint.

An prionsabal ginearálta atá ann ná gur cheart an chéad uimhir EORI a sannadh a choimeád, agus gur cheart an dara huimhir a chur ó bhail.

Ní fhéadfar an prionsabal sin a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás inar sannadh i gceart an chéad uimhir EORI a eisíodh agus inar comhlíonadh na forálacha dlí go léir. Dá bhrí sin, mar an chéad chéim, ba cheart dul i dteagmháil leis an oibreoir eacnamaíoch chun soiléiriú a fháil ar na himthosca faoina bhfuil an dara clárúchán á lorg. Bunaithe ar an bhfreagra a fhaightear, féadfaidh an t-údarás custaim a rinne an dara clárú cinneadh a dhéanamh uimhir EORI a chur ó bhail. Dá mb'iomchuí sna himthosca, ba cheart don Bhallstát a rinne an dara clárú dul i gcomhairle leis an mBallstát a rinne an chéad chlárú chun ceann den dá uimhir EORI a chur ó bhail.

Chun sruth an phróiseas clárúcháin a bharrfheabhsú, ba cheart don Bhallstát eisiúna an taifead EORI nua a uaslódáil in EOS lárnach, a luaithe is féidir, chun a sheachaint go bhféadfadh an t-oibreoir eacnamaíoch an uimhir EORI a úsáid sula gcuirtear ar fáil í trí EOS lárnach do na húdaráis chustaim náisiúnta eile.

Oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, féadfar a gcéannacht a dheimhniú le ceann de na doiciméid seo a leanas:

– i gcás daoine nádúrtha: pas bailí nó doiciméad taistil bailí eile (féach Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) IO L 77, 23.3.2016); nó

– i gcás daoine dlítheanacha nó comhlachais daoine: doiciméad ón gclár gnó (doiciméad bunaidh nó cóip dhílis dheimhnithe de dhoiciméad oifigiúil ina sonraítear sonraí céannachta arna eisiúint ag na húdaráis atá freagrach as an gclár gnó nó ag comhlachais tráchtála san Aontas nó sa tríú tír).

Tá faisnéis shonrach ar an nós imeachta maidir le sannadh uimhir EORI le fáil sa doiciméad *EORI National Implementation* [Forfheidhmiú Náisiúnta EORI]: https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2022-06/EORI%20National%20implementation.pdf

1.3.1. Sonraí a stóráiltear i lárchóras EORI

Stóráiltear i lárchóras EORI eilimintí sonraí a liostaítear sa Tábla Sonraí de Chaibidil 3, Teideal I, Iarscríbhinn 12-01 a ghabhann le CCA GT. Soláthraíonn na Ballstáit cuid de na heilimintí go roghnach, agus is éigeantach iad cuid eile díobh.

Ba cheart do na Ballstáit a uaslódáil go tráthrialta chuig an lárchóras eilimintí sonraí 1-5, 9-10 agus 14-15 a liostaítear i dTábla na gCeanglas Sonraí de Chaibidil 3, Teideal I, Iarscríbhinn 12-01 a ghabhann le CCA GT maidir le hoibreoirí eacnamaíocha agus daoine eile nuair a shanntar uimhreacha EORI nua nó nuair a thagann athrú ar na sonraí sin. Is éard atá ann:

E.S. 1 – uimhir EORI,

E.S. 2 – ainm iomlán an duine,

E.S. 3 – seoladh na bunaíochta/seoladh cónaithe,

E.S. 4 – bunaíocht i gcríoch chustaim an Aontais,

E.S. 5 – uimhir/uimhreacha aitheantais CBL, i gcás inar shann Ballstáit a leithéid,

E.S. 9 – toiliú le nochtadh na sonraí pearsanta a liostaítear i bpointí 1, 2 agus 3,

E.S. 10 - ainm gearr,

E.S. 14 - dáta tosaigh na huimhreach EORI,

E.S. 15 - dáta éaga na huimhreach EORI

I gcás ina gceanglaítear le córais náisiúnta eilimintí sonraí 6-8 agus 11-13 a liostaítear i dTábla na gCeanglas Sonraí de Chaibidil 3, Teideal I, Iarscríbhinn 12-01 a ghabhann le CCA GT, déanfaidh na Ballstáit na sonraí sin a uaslódáil chuig lárchóras EORI. Maidir le sonraí a uaslódáiltear chuig an lárchóras, úsáidfear na cóid a leagtar amach in Iarscríbhinn 12-01 a ghabhann le CCA GCCF. Foilsítear Iarscríbhinn 12-01 ar leathanach gréasáin TAXUD, ar an rannán *EU Customs data model html publication*:

https://eucdm.softdev.eu.com/

Na mínithe a bhaineann leis na heilimintí sonraí ar gá do na Ballstáit iad a bhailiú chun uimhir EORI a shannadh, tá siad le fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoirdhoiciméad seo.

1.3.2. Cur ó bhail agus scriosadh uimhir EORI

De bhun Airteagal 9(4) de CCA, cuirfidh an t-údarás custaim uimhir EORI ó bhail, i gcomhréir le forálacha Airteagal 7 de CCA GT:

- arna iarraidh sin don duine cláraithe, agus sa chás sin déanfaidh an duine cláraithe nó a ionadaí iarraidh a chur faoi bhráid an údaráis custaim;
- i gcás ina bhfuil an t-údarás custaim ar an eolas (e.g. tá rochtain ag an údarás custaim ar dhoiciméid lena ndeimhnítear gur scoir an chuideachta dá gníomhaíocht mar thoradh ar fhéimheacht) gur scoir an duine cláraithe de na gníomhaíochtaí lena gceanglaítear an clárú.

Déanfaidh an t-údarás custaim an dáta a chuirtear uimhir EORI ó bhail a thaifeadadh agus tabharfaidh sé fógra faoi don duine cláraithe.

Ní fhéadfar uimhir EORI a scriosadh ón mbunachar sonraí go dtí 10 mbliana tar éis an dáta éaga.

2. UIMHIR EORI A ÚSÁID

Nuair a shanntar uimhir EORI, ní mór an uimhir uathúil sin a úsáid i ngach idirbheart agus gníomhaíocht chustaim ar fud an Aontais i gcás ina gceanglaítear aitheantóir a úsáid.

Le forbairt agus cur in úsáid leanúnach chórais TF CCA, tá cur i bhfeidhm uimhir EORI ag éirí níos tábhachtaí agus níos casta toisc nach mbaineann sí níos mó leis na dearbhuithe custaim agus an dearbhú amháin, ach cumhdaítear anois léi cásanna inar gá uimhir EORI le haghaidh páirtithe eile sa phróiseas, EORI an choinsíní i gcás dearbhú iontrála achomair réamhtheachta a chomhdú nó EORI an choinsíní i gcás dearbhú maidir le hidirthuras, etc.

I gcásanna áirithe, is eilimint roghnach nó choinníollach í uimhir EORI i ndearbhú imeachta/iontrála achomair nó i ndearbhú custaim. Mar sin féin, chun tairbhiú d'éascú a sholáthraítear le húdarú AEO arna eisiúint san Aontas, is gá uimhir EORI a sholáthar i ndearbhú imeachta/iontrála achomair nó i ndearbhú custaim. Thairis sin, ní mór uimhir EORI a chur isteach san fhoirm iarratais le haghaidh údarú AEO.
Féadfar uimhir EORI a úsáid i réimsí gnó eile freisin amhail:
– gluaiseachtaí earraí máil faoi fhionraí dleachta le ceann scríbe onnmhairiúcháin (féach mar shampla Rialachán (CE) Uimh. 684/2009, Iarscríbhinn 1, Tábla 1, eilimint sonraí 5h);
– forfheidhmiú custaim ceart maoine intleachtúla (Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1209 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1352/2013 lena mbunaítear na foirmeacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú custaim ceart maoine intleachtúla).
Toisc go bhféadfadh roinnt laethanta a bheith i gceist leis an bpróiseas clárúcháin i ngeall ar nós imeachta riaracháin dá bhforáiltear i reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit, oibreoirí eacnamaíocha nár sannadh uimhir EORI dóibh, ba cheart dóibh an nós imeachta clárúcháin a thionscnamh roimh ré, i.e. sula ndéanfaidh siad dearbhú achomair nó custaim a thaisceadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh ina dtoradh ar iarratais dheireanacha ('ag an nóiméad deiridh') ar chlárú EORI (e.g. ag an oifig custaim iontrála) moilleanna ar phróiseáil na ndearbhuithe achoimre nó custaim, mar ní bheidh faisnéis faoi uimhir EORI nua-shannta ar fáil do chórais chustaim leictreonacha.

Tá achoimre sna táblaí thíos ar chásanna ina bhfuil gá le huimhir EORI sna cásanna a chumhdaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacháin idirthréimhseacha i ndáil le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais i gcás nach mbeidh na córais leictreonacha ábhartha ag feidhmiú go fóill agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446:

Dearbhú achomair			
Feidhm	**Iontráil**	**Scoir**	**Dearbhú maidir le hidirthuras lena n-áirítear sonraí maidir le dearbhú iontrála agus imeachta achomhair**
Iompróir	**Coinníollach:** Uimhir EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair i gcás iompróirí	-	Níl gá leis ach amháin murab ionann é agus an príomhonnmhaireoir, agus sa chás sin tá uimhir EORI roghnach

Dearbhú achomair			
Feidhm	**Iontráil**	**Scoir**	**Dearbhú maidir le hidirthuras lena n-áirítear sonraí maidir le dearbhú iontrála agus imeachta achomhair**
	chun críoch iompair eile ansin ar muir, ar uiscebhealach intíre, nó san aer. **Éigeantach:** I gcásanna a chumhdaítear le hAirteagal 185(3)(a) de CCA GCCF agus Airteagal 188(2) de CCA GCCF, ní mór uimhir EORI an iompróra a sholáthar. Ní mór uimhir EORI an iompróra a sholáthar freisin i gcásanna a chumhdaítear le hAirteagal 187(3) de CCA GCCF. De réir Airteagal 5(1)(d) GT, tá uimhir EORI éigeantach le haghaidh daoine a ghníomhaíonn mar iompróir chun críoch iompair ar muir, ar uiscebhealach intíre nó san aer.		
Páirtí fógartha	**Coinníollach:** Uimhir EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair nó i gcás ina ndeonaítear éascú faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a n-aithníonn an tAontas Eorpach é, is féidir leis an bhfaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír ar chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas Eorpach í	**-**	**-**
Coinsíneoir/onnmhaireoir	**Coinníollach:** Uimhir EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair nó i gcás	**Coinníollach:** Uimhir EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an	**Coinníollach:** Uimhir EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair **Éigeantach:** Má tá an

Dearbhú achomair			
Feidhm	**Iontráil**	**Scoir**	**Dearbhú maidir le hidirthuras lena n-áirítear sonraí maidir le dearbhú iontrála agus imeachta achomhair**
	ina ndeonaítear éascú faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a n-aithníonn an tAontas Eorpach é, is féidir leis an bhfaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír ar chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas Eorpach í.	dearbhú achomair nó i gcás ina ndeonaítear éascú faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a n-aithníonn an tAontas Eorpach é, is féidir leis an bhfaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír ar chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas Eorpach í	oifig custaim imeachta san Aontas agus más AEO é an coinsíneoir
An duine a thaisceann an dearbhú achomair	**Éigeantach:** Uimhir EORI	**Éigeantach:** Uimhir EORI	**Éigeantach:** Uimhir EORI
Coinsíní	**Coinníollach:** Uimhir EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair nó i gcás ina ndeonaítear éascú faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a n-aithníonn an tAontas Eorpach é, is féidir leis an bhfaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír ar chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas Eorpach í	**Coinníollach:** Uimhir EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair nó i gcás ina ndeonaítear éascú faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a n-aithníonn an tAontas Eorpach é, is féidir leis an bhfaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír ar chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas Eorpach í	**Coinníollach:** Uimhir EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair **Éigeantach:** Mura bhfuil an oifig custaim imeachta san Aontas ach más AEO é an coinsíneoir
An duine a iarrann an t-atreorú	**Éigeantach:** Uimhir EORI	-	-
Coinsíní atá údaraithe ag trádálaí		-	STÁN

Dearbhú custaim			
	Allmhairiú	**Easpórtáil**	**Simplithe**
Coinsíneoir/ onnmhaireoir	**D'fhéadfadh** na Ballstáit iad seo a leanas a éileamh: Uimhir EORI nó uimhir a cheanglaítear le reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann[2]	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI nó uimhir *ad hoc*	**D'fhéadfadh** na Ballstáit uimhir EORI nó uimhir *ad hoc* a éileamh[2]
Coinsíní	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI nó uimhir *ad hoc*	**D'fhéadfadh** na Ballstáit uimhir EORI nó uimhir a cheanglaítear le reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann a éileamh[2]	**D'fhéadfadh** na Ballstáit uimhir EORI nó uimhir a cheanglaítear le reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann a éileamh[2]
Dearbhóir/ ionadaí	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI nó uimhir *ad hoc*	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI nó uimhir *ad hoc*	-
Príomhshuim	-	-	Éilíonn na Ballstáit uimhir EORI

Tá achoimre sna táblaí a leagtar amach thíos cathain is gá uimhir EORI a sholáthar de réir Iarscríbhinn B a ghabhann le CCA GT:

Dearbhú achomair			
Feidhm	**Iontráil**	**Scoir**	**Dearbhú maidir le hidirthuras lena n-áirítear sonraí maidir le dearbhú iontrála agus imeachta achomhair.**
Onnmhaireoir Bosca **2** (uimhir) **3/2** 'Uimhir aitheantais an onnmhaireora' **13 01 017 000** 'Uimhir aitheantais'	**Coinníollach:** Uimhir EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair	**Coinníollach:** Uimhir EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair nó i gcás ina ndeonaítear éascú faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a n-aithníonn an tAontas Eorpach é, is féidir leis an bhfaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír ar chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas Eorpach í	
Coinsíneoir	**Coinníollach:** Uimhir	**Coinníollach:** Uimhir	**Coinníollach:** Uimhir

Dearbhú achomair			
Feidhm	**Iontráil**	**Scoir**	**Dearbhú maidir le hidirthuras lena n-áirítear sonraí maidir le dearbhú iontrála agus imeachta achomhair**
3/8 'Uimhir aitheantais an choinsíneora' **13 02 017 000** 'Uimhir aitheantais'	EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair	EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair nó i gcás ina ndeonaítear éascú faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a n-aithníonn an tAontas Eorpach é, is féidir leis an bhfaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír ar chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas Eorpach í	EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír (TCUIN) i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair **Éigeantach:** Má tá an oifig custaim imeachta san Aontas agus más AEO é an coinsíneoir
Iompróir **3/32** 'Uimhir aitheantais an iompróra' **13 12 017 000** 'Uimhir aitheantais'	**Coinníollach:** Uimhir EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair	-	Soláthrófar uimhir EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír (TCUIN) an iompróra. Níl gá leis ach amháin murab ionann é agus sealbhóir an nós imeachta idirthurais, agus sa chás sin tá uimhir EORI nó TCUIN roghnach
Páirtí fógartha **13 13 017 000** 'Uimhir aitheantais'	**Coinníollach:** Uimhir EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair nó i gcás ina ndeonaítear éascú faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a n-aithníonn an tAontas Eorpach é, is féidir leis an bhfaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír ar chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil	-	-

Dearbhú achomair			
Feidhm	**Iontráil**	**Scoir**	**Dearbhú maidir le hidirthuras lena n-áirítear sonraí maidir le dearbhú iontrála agus imeachta achomhair**
	don Aontas Eorpach í		
Coinsíní Bosca **8** **3/10** 'Uimhir aitheantais an choinsíní ' **13 03 017 000** 'Uimhir aitheantais'	**Coinníollach:** Uimhir EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair nó i gcás ina ndeonaítear éascú faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a n-aithníonn an tAontas Eorpach é, is féidir leis an bhfaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír ar chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas Eorpach í	**Coinníollach:** Uimhir EORI i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair nó i gcás ina ndeonaítear éascú faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a n-aithníonn an tAontas Eorpach é, is féidir leis an bhfaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír ar chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas Eorpach í	**Coinníollach:** Uimhir EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír (TCUIN) i gcás ina bhfuil an uimhir sin ar fáil don duine a thaisceann an dearbhú achomair **Éigeantach:** Mura bhfuil an oifig custaim imeachta san Aontas ach más AEO é an coinsíneoir

Dearbhú custaim			
	Allmhairiú	**Easpórtáil**	**Simplithe**
Onnmhaireoir Bosca **2** (uimhir) **3/2** 'Uimhir aitheantais an onnmhaireora' **13 01 017 000** 'Uimhir aitheantais'	**D'fhéadfadh** na Ballstáit iad seo a leanas a éileamh: Uimhir EORI nó uimhir a cheanglaítear le reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann[2]	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI nó uimhir *ad hoc*	
Coinsíneoir **3/8** 'Uimhir aitheantais an choinsíneora ' **13 02 017 000** 'Uimhir aitheantais'		Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI nó uimhir *ad hoc*	**D'fhéadfadh** na Ballstáit uimhir EORI nó uimhir *ad hoc* a éileamh[2]
Coinsíní Bosca **8** (uimhir) **3/10** 'Uimhir aitheantais an		**D'fhéadfadh** na Ballstáit uimhir EORI nó uimhir a cheanglaítear le reachtaíocht an Bhallstáit	**D'fhéadfadh** na Ballstáit uimhir EORI nó uimhir a cheanglaítear le reachtaíocht an Bhallstáit

Dearbhú custaim			
	Allmhairiú	**Easpórtáil**	**Simplithe**
choinsíní ' **13 03 017 000** 'Uimhir aitheantais'		lena mbaineann a éileamh[2]	lena mbaineann a éileamh[2]
Allmhaireoir Bosca **8** (uimhir) **3/16** 'Uimhir aitheantais an allmhaireora' **13 04 017 000** 'Uimhir aitheantais'	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI nó *an uimhir a cheanglaítear le reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann (ní féidir í a úsáid faoi CCI)*		
Dearbhóir Bosca **14** (uimhir) **3/18 '**Uimhir aitheantais an dearbhóra ' **13 05 017 000** 'Uimhir aitheantais'	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI	-
Ionadaí Bosca **14** **3/20** 'Uimhir aitheantais an ionadaí ' **13 06 017 000** 'Uimhir aitheantais'	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI	Éilíonn na Ballstáit uimhir EORI nó TCUIN
Sealbhóir an nós imeachta idirthurais Bosca **50** **3/23** 'Sealbhóir an nós imeachta idirthurais' ' **13 07 017 000** 'Uimhir aitheantais'	-	-	Éilíonn na Ballstáit uimhir EORI
Díoltóir Bosca **2** (uimhir) **3/25** 'Uimhir aitheantais an díoltóra '	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI		

Dearbhú custaim			
	Allmhairiú	**Easpórtáil**	**Simplithe**
13 08 017 000 'Uimhir aitheantais'			
Ceannaitheoir Bosca **8** (uimhir) **3/27** 'Uimhir aitheantais an cheannaitheora' **13 09 017 000** 'Uimhir aitheantais'	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI		
Gníomhaí breise an tslabhra soláthair Bosca **44** **3/37** 'Uimhir aitheantais ghníomhaí/ghníomhaithe breise an tslabhra soláthair' **13 14 017 000** 'Uimhir aitheantais'	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI		
An duine a thugann ráthaíocht **3/45** 'Uimhir aitheantais an duine a thugann ráthaíocht' **13 20 017 000** 'Uimhir aitheantais'	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI		
An duine a íocann an dleacht chustaim **3/46** 'Uimhir aitheantais an duine a íocann an dleacht chustaim' **13 21 017 000** 'Uimhir aitheantais'	Éilíonn na Ballstáit: Uimhir EORI		

[2] Sonraí a bhféadfadh na Ballstáit a chinneadh iad a tharscaoileadh. Mar sin féin, níl cheangal ar oibreoirí tríú tír uimhir EORI a bheith acu agus iad ag gníomhú mar choinsíneoir/onnmhaireoir nó coinsíní.

I gcás oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais a bhfuil carnets ATA nó CPD acu, ba cheart uimhir EORI a sholáthar:

- i mbosca A ‘Sealbhóir agus seoladh’ an onnmhairiúcháin, an ath-allmhairiúcháin agus, i gcás inarb infheidhme, dhearbhán idirthurais carnet ATA;

- i mbosca 1 ‘Sealbhóir (ainm, seoladh)’ de dhearbhán an onnmhairiúcháin agus an allmhairiúcháin (ath-allmhairiúchán isteach san Aontas) de carnet CPD.

Níor cheart aon fhaisnéis ar uimhir EORI a bheith ar leathanaigh chlúdaigh ná ar chomhdhuillí na carnets mar is doiciméid chustaim idirnáisiúnta iad agus ní gá uimhir EORI a sholáthar ach le haghaidh chur i bhfeidhm ceart CCA agus a ghníomhartha gaolmhara tarmligthe/cur chun feidhme, agus lena aghaidh sin amháin. Ní cheanglaítear uimhir EORI a sholáthar faoi na Coinbhinsiúin ábhartha.

Faisnéis thábhachtach faoi rialacha maidir le huimhreacha EORI agus aitheantóirí tríú tíortha a úsáid:

1. Ciallaíonn ‘uimhir *ad hoc*’ uimhir a **d’fhéadfadh** an riarachán custaim a shannadh (i.e. d’fhéadfadh sé cinneadh gan uimhir a shannadh freisin) **le haghaidh an dearbhaithe lena mbaineann**. Ní uimhir EORI í an uimhir sin agus ní dhéanfar í a mhalartú i gcóras EORI. Is é is príomhchuspóir d’uimhreacha *ad hoc* ná go bhféadfaí iad a úsáid i gcásanna eisceachtúla nach bhfuil uimhir EORI faighte ag an duine go fóill nó nach gceanglaítear ar an duine clárú le haghaidh uimhir EORI ach a gceanglaítear air, le hIarscríbhinn B a ghabhann le CCA GT, a uimhir aitheantais a shonrú sa dearbhú custaim. Ní féidir uimhreacha *ad hoc* a úsáid i ndearbhuithe iontrála agus imeachta achoimre. Na rialacha maidir le bainistíocht na huimhreach sin (i.e. cibé acu atá nó nach bhfuil uimhir le sannadh agus conas a shannfar í), ba cheart iad a leagan síos i bhforálacha náisiúnta na mBallstát.

2. Ní bhaineann na rialacha sin ach leis na huimhreacha aitheantais atá le soláthar i ndearbhuithe custaim agus ní shainmhínítear leo ceanglais maidir leis an seoladh a shonraítear sa dearbhú custaim. Seoltaí na bpáirtithe a luaitear i ndearbhuithe custaim, ní dhéanfar iad a bhailíochtú in aghaidh na seoltaí a sholáthraítear i gcóras EORI.

3. Thug an tAontas Eorpach comhaontuithe idirnáisiúnta i gcrích le tríú tíortha chun an clár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe (AEO) agus clár comhpháirtíochta trádála na tíre eile a aithint go frithpháirteach chun rialuithe custaim a bhaineann leis an tslándáil agus leis an tsábháilteacht a éascú. Dá bhrí sin, ní hamháin gur gá do chórais idirbheart na mBallstát AEOnna an Aontais a shainaithint, ach ina theannta sin is gá na hoibreoirí eacnamaíocha a shainaithint ar comhaltaí iad de chláir comhpháirtíochta trádála tríú tíortha. Dá bhrí sin, is ceadmhach aitheantóirí tríú tír a dhearbhú i gcás daoine áirithe.

4. I ndearbhuithe iontrála agus imeachta achoimre, má dhearbhaítear uimhir EORI (nó aitheantóir tríú tír i gcás ina gceadaítear a leithéid), níor cheart aon ainm ná seoladh a sholáthar.

3. GNÍOMHAITHE ATÁ RANNPHÁIRTEACH I gCÓRAS EORI AGUS A bPRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

3.1. An Coimisiún Eorpach

Soláthraíonn an Coimisiún Eorpach an bonneagar agus na seirbhísí le haghaidh na bpríomhchúraimí seo a leanas:

- stóráil shonraí EORI ar leibhéal lárnach;
- bailiú shonraí náisiúnta EORI arna soláthar ag na Ballstáit don lárstóras;
- sonraí EORI a sholáthar (a bhrú) do chórais na mBallstát;
- dul i gcomhairle le sonraí EORI agus stádas AEO a sheiceáil leis an lárstóras;
- comhéadan poiblí a sholáthar chun bailíocht uimhreacha EORI a sheiceáil leis an lárstóras agus le haghaidh rochtain ar shonraí clárúcháin EORI (féach roinn 4.1.2);
- comhéadan poiblí a sholáthar le haghaidh rochtain ar liosta na n-údarás sna Ballstáit atá freagrach as uimhreacha EORI a dheonú.

3.2. Ballstáit

Is iad seo a leanas príomhróil agus príomhfhreagrachtaí na mBallstát:

- Ní mór do gach Ballstát a chinneadh cibé acu a athúsáidfear uimhir a sannadh cheana féin (e.g. uimhir CBL) chun uimhir EORI a cheapadh nó a gceapfar uimhir nua. Thairis sin, ní mór do na Ballstáit na taifid atá ábhartha do chóras EORI a roghnú ó na sonraí náisiúnta a shealbhaítear cheana.
- Ní mór do na Ballstáit a sonraí EORI náisiúnta a sholáthar don lárchóras go tráthrialta. Go háirithe, moltar go láidir do na Ballstáit sonraí nua clárúcháin EORI a sheoladh a luaithe is féidir chuig an lárchóras arna bhainistiú ag an gCoimisiún Eorpach (féach roinn 3.1).
- Tá gach Ballstát freagrach as an gcóras náisiúnta a oibriú. Ballstáit a bhfuil bunachar sonraí náisiúnta EORI acu, ní mór dóibh a áirithiú go dtugtar a mbunachar sonraí náisiúnta cothrom le dáta agus go mbíonn sé iomlán agus cruinn.
- Tá gach Ballstát freagrach as cruinneas na faisnéise a sholáthraítear sa doiciméad *EORI National Implementation* [Forfheidhmiú Náisiúnta EORI], agus as an bhfaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta, agus is sa doiciméad sin a sholáthraítear faisnéis faoi fhorfheidhmiú náisiúnta EORI lena n-áirítear an nasc lenar féidir an iarraidh ar dheonú uimhir EORI a chur isteach.

Tá an leagan deireanach den doiciméad sin le fáil ar shuíomh gréasáin EUROPA ag an nasc seo a leanas:

https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2022-06/EORI%20National%20implementation.pdf

Sampla:

Oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe sa Spáinn, beidh uimhir EORI a shannfaidh údarás custaim na Spáinne aige. I gcás ina bhfaigheann an t-oibreoir eacnamaíoch uimhir

aitheantais CBL ó údarás cánach na hOstaire tar éis shannadh uimhir EORI, tá de cheangal ar an oibreoir eacnamaíoch a iarraidh ar an údarás custaim a d'eisigh uimhir EORI (an Spáinn) na sonraí a thabhairt cothrom le dáta i gcóras EORI.

3.3. Oibreoirí eacnamaíocha nó daoine eile

I gcomhthéacs EORI, is é seo a leanas an ról atá ag oibreoirí eacnamaíocha, nó daoine eile:

- an nós imeachta clárúcháin a thionscnamh le húdarás custaim Ballstáit (féach Caibidil 1).
- an fhaisnéis a liostaítear i dTábla na gCeanglas Sonraí de Chaibidil 3, Teideal I, Iarscríbhinn 12-01 a ghabhann le CCA GT a sholáthar mar aon leis na doiciméid tacaíochta má mheasann údarás custaim an Bhallstáit go bhfuil gá leo (Airteagal 15(1) CCA).
- an t-údarás custaim eisiúna sa Bhallstát a chur ar an eolas láithreach faoi mhodhnú aon sonra i dtaifead EORI agus na doiciméid tacaíochta a sholáthar arna iarraidh sin don údarás custaim eisiúna.

De bhun Airteagal 15(2) CCA, tá an duine lena mbaineann freagrach as na nithe seo a leanas:

- cruinneas, comhláine agus tabhairt cothrom le dáta na faisnéise a thugtar don údarás custaim gach uair a chuirtear isteach faisnéis ina bhfuil uimhir EORI;
- barántúlacht, cruinneas agus bailíocht aon doiciméad a thacaíonn leis an bhfaisnéis a thugtar.

I gcás inarb é ionadaí custaim an duine lena mbaineann a sholáthraíonn an fhaisnéis, beidh an t-ionadaí custaim sin faoi cheangal ag na hoibleagáidí a liostaítear thuas freisin. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil uimhir EORI an duine ionadaithe á cur isteach ag ionadaí i ndearbhú, in iarratas nó in aon fhoirm eile, tá feidhm ag prionsabal an mheoin mhacánta mar a leag CBAE síos sa chásdlí (e.g. Teleos C-409/04) maidir le faisnéis a chláraítear i gcóras EORI.

3.4. Úsáideoirí

D'fhéadfadh sé go mbeadh rochtain ag úsáideoirí seachtracha ar **chuid** de na sonraí EORI a chuirtear ar fáil trí thairseach ghréasáin Europa (ar an idirlíon; féach Roinn 4.1.2). Bíonn rochtain acu ar chomhéadan poiblí chóras EORI (ní éilítear aon aitheantas, fíordheimhniú ná údarú sa chóras) chun seiceáil a dhéanamh go bhfuil uimhir EORI agus/nó ainm agus seoladh an duine lena mbaineann bailí má toilíodh leis an bhfoilsiú (féach roinn 4.1.2).

4. COSAINT SONRAÍ PEARSANTA AGUS EORI

4.1. Ginearálta

Maidir le córas EORI agus na sonraí a mhalartaítear idir córas EORI agus córais TF náisiúnta, ní mór dóibh na rialacháin, na treoracha agus na cinntí is infheidhme maidir le slándáil agus cosaint sonraí a chomhlíonadh, i.e.:

- Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)*

- Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin,* agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE.

- Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle *an 31 Márta 2011 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint;*

- Cinneadh C (2006) 3602 ón gCoimisiún an 16 Lúnasa 2006 a bhaineann le slándáil na gcóras faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach.

Is iad na Ballstáit na rialaitheoirí i ndáil leis na sonraí pearsanta a chuir siad isteach i mbunachar sonraí lárnach EORI.
Déanann údaráis chustaim sna Ballstáit uimhreacha EORI a uaslódáil chuig bunachar sonraí EORI mar aon le sonraí clárúcháin a fhaightear sa phróiseas clárúcháin. Tá rochtain ag na húdaráis chustaim ar shonraí a uaslódálann údaráis chustaim ó Bhallstáit eile. Is féidir leo iad a íoslódáil chuig a mbunachair sonraí náisiúnta freisin.
Déanann an Coimisiún na sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann na mBallstát.
Is é an ról atá ag an gCoimisiún an bonneagar a sholáthar lenar féidir na sonraí a fhaightear ó na Ballstáit a chomhthiomsú. Dá réir sin, ní dhéanann an Coimisiún aon athrú ar inneachar an bhunachair sonraí. Ní dhéanann sé ach taifid náisiúnta a mhacasamhlú.
Déanann córas EORI próiseáil ar na sonraí go huathoibríoch.
Ba cheart do na Ballstáit ról a thabhairt d'údaráis cosanta sonraí náisiúnta i mbailiú agus i mbainistíocht na sonraí a uaslódáiltear chuig lárchóras EORI.
Tá ag ábhair sonraí an ceart rochtana ar na sonraí pearsanta a bhaineann leis a phróiseálfar tríd an mbunachar sonraí lárnach, an ceart chun faisnéise, an ceart go ndéanfaí ceartúcháin, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh ('an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad'), an ceart go gcuirfí srian le próiseáil, an ceart fógra a fháil go ndearnadh sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh nó próiseáil a shrianadh, an ceart chun iniomparthachta sonraí, an ceart chun bheith ar an eolas faoi shárú sonraí pearsanta, trédhearcacht agus módúlachtaí chomh maith le prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.

4.1.1. Faisnéis atá le soláthar

Gan dochar d'fhorálacha náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin,

agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), daoine a ndéantar a sonraí pearsanta a phróiseáil chun uimhir EORI a dheonú, ní mór iad a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

(a) céannacht agus sonraí teagmhála an rialaitheora agus, i gcás inarb infheidhme, ionadaí an rialaitheora;

(b) sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí, i gcás inarb infheidhme;

(c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil;

(d) faighteoirí nó catagóirí fhaighteoirí na sonraí pearsanta;

(e) an tréimhse ar lena linn a stórálfar na sonraí pearsanta, nó murab indéanta sin, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh;

(f) is ann don cheart rochtain ar shonraí pearsanta a bhaineann le hábhar sonraí agus go ndéanfaí ceartú nó léirscriosadh na sonraí sin, a iarraidh ar an rialaitheoir, nó srianadh ar phróiseáil maidir leis an ábhar sonraí agus is ann don cheart agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála chomh maith leis an gceart chun iniomparthacht sonraí;

(g) is ann don cheart an toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a fháil roimh an tarraingt siar a dhéanamh;

(h) an ceart gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta;

(i) is ann do chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú, d'fhaisnéis fhónta faoin loighic a bheidh i gceist, chomh maith le suntasacht na próiseála sin agus na hiarmhairtí a mheastar a bheadh aici ar an ábhar sonraí;

(j) cásanna inar gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí;

(k) i gcás inarb infheidhme, go bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta agus cibé an ann nó nach ann do chinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún, nó i gcás na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 46 nó in Airteagal 47, nó sa dara fomhír d'Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2016/679, tagairt do na coimircí iomchuí nó oiriúnacha agus na bealaí inar féidir chun cóip díobh a fháil nó an áit inar cuireadh iad ar fáil.

Is i scríbhinn a chuirfear an fhaisnéis ar fáil, nó trí mheán eile lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, i bhfoirm leictreonach. Nuair a iarrann an t-ábhar sonraí amhlaidh, féadfar an fhaisnéis a sholáthar ó bhéal, ar choinníoll gur cruthaíodh céannacht an ábhair sonraí ar mhodh eile.

4.1.2. Foilsiú sonraí aitheantais agus clárúcháin

Sonraí aitheantais agus clárúcháin maidir le hoibreoirí eacnamaíocha agus daoine eile a liostaítear i dTábla na gCeanglas Sonraí de Chaibidil 3, Teideal I, Iarscríbhinn 12-01 a ghabhann le CCA GT, pointí 1, 2 agus 3 (uimhir EORI, ainm iomlán an duine agus seoladh na bunaíochta/seoladh cónaithe), ní fhéadfaidh an Coimisiún iad a fhoilsiú ar an idirlíon ach amháin má thoiligh na daoine

lena mbaineann leis sin dá ndeoin féin. Ní mór a bheith sa toiliú sin comhartha sonrach, eolasach agus gan débhrí ar mhianta an ábhair sonraí, a thug sé dá dheoin féin, ina dtugann sé le fios, le ráiteas nó le gníomh soiléir dearfach go bhfuil sé sásta go ndéanfar próiseáil ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí sin. Ní mór toiliú le foilsiú den sórt sin a thabhairt i bhfoirm scríofa. Ba cheart don údarás é a chur ar an eolas freisin nach bhfuil an foilsiú éigeantach, agus nach ndéanfaidh diúltú don fhoilsiú difear ar bith don phróiseáil ar a iarratas ar uimhir EORI ná d'aon fhoirmiúlacht chustaim a bhaineann leis an duine i gceist.

Cuimseofar leis sin faisnéis cheart a thabhairt go bhféadfaí na sonraí a nochtadh don phobal ar an idirlíon, sa bhreis ar aon fhaisnéis eile a mbeadh gá léi chun an toiliú a mheas mar thoiliú sonrach eolasach a thugtar de dheoin an duine.

Ba cheart idirdhealú sonrach soiléir a dhéanamh sa téacs idir an iarraidh ar thoiliú agus aon fhaisnéis eile a sholáthraítear d'oibreoirí eacnamaíocha agus do dhaoine eile. Ba cheart dul i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí maidir le téacs an toilithe.

Nuair a thugtar an toiliú sin, ní mór é a chur in iúl, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta na mBallstát, d'údaráis chustaim na mBallstát.

An duine a thoiligh i scríbhinn le nochtadh sonraí pearsanta, tá an ceart aige an toiliú i scríbhinn a tharraingt siar tráth ar bith.

Uimhreacha EORI agus na sonraí a liostaítear i dTábla na gCeanglas Sonraí de Chaibidil 3, Teideal I, Iarscríbhinn 12-01 a ghabhann le CCA GT, déanfar iad a phróiseáil sa lárchóras le haghaidh na tréimhse a shonraítear i bhforálacha dlí na mBallstát a d'uaslódáil na sonraí.

Nuair a bheidh an tréimhse sin imithe in éag, ní mór do na Ballstáit uimhreacha EORI a scriosadh óna gcórais náisiúnta.

Is é seo a leanas an nasc chun bailíocht uimhreacha EORI a sheiceáil agus sonraí clárúcháin EORI a rochtain:

http://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/eos/eori_validation.jsp?Lang=en

IARSCRÍBHINN I

Ceanglais maidir le sonraí

E.S. 1 – Uimhir EORI

Tá an sainmhíniú in Airteagal 1(18) de CCA GT

Tá an uimhir EORI struchtúrtha mar a leanas:

Réimse	Ábhar	Cineál réimse	Formáid	Samplaí
1	Aitheantóir an Bhallstáit a shannann an uimhir (cód tíre ISO alpha 2)	Aibítreach 2	a2	PL
2	Aitheantóir uathúil i mBallstát	Alfa-uimhriúil 15	au..15	1234567890ABCDE

Samplaí d'uimhreacha EORI:
PL1234567890ABCDE i gcás onnmhaireoir ón bPolainn (cód tíre: PL) arb é 1234567890ABCDE a uimhir náisiúnta uathúil.

I gcás ina sannfar uimhir EORI d'oibreoir eacnamaíoch ag a bhfuil Carnet TIR ach nach bhfuil bunaithe ar chríoch chustaim an Aontais, moltar an struchtúr seo a leanas d'uimhir EORI a chur i bhfeidhm:

Réimse	Ábhar	Cineál réimse	Formáid	Samplaí
1	Aitheantóir an Bhallstáit a shannann an uimhir (cód tíre ISO alpha 2)	Aibítreach 2	a2	CZ
2	Aitheantóir le haghaidh carnet TIR	Aibítreach 1	T	-
3	Cód an chomhlachais náisiúnta trínar údaraíodh sealbhóir an carnet TIR	Uimhriúil 3	n3	053
4	Uimhir aitheantais uathúil shealbhóir carnet TIR	Uimhriúil 10	n..10	0123456789

Sampla:

CZT0530123456789 i gcás trádálaí ar údaraigh ASMAP (cód 053), comhlachas na Rúise, é carnet TIR a úsáid agus ar cláraíodh é d'uimhir EORI i bPoblacht na Seice mar ba ann a thaisc sé dearbhú iontrála achomair.

Cód tíre: tá cóid aibítreacha an Aontais le haghaidh tíortha agus críoch bunaithe ar chóid ISO alpha 2 (a2) atá i bhfeidhm faoi láthair a mhéid atá siad comhoiriúnach do cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 1106/2012 ón gCoimisiún. Foilsíonn an Coimisiún rialacháin go tráthrialta ina nuashonraítear liosta chóid na dtíortha.

Chun críoch an chlárúcháin, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as uimhir ar shann na húdaráis inniúla cheana féin í d'oibreoir eacnamaíoch nó do dhuine eile chun críocha cánach nó staidrimh nó chun críoch eile.

E.S. 2 – ainm iomlán an duine

Ar EORI2, leathnaítear méid an réimse le haghaidh ainm an duine chun caighdeáin idirnáisiúnta a léiriú, agus ar an gcaoi sin is féidir ainmneacha cuideachta atá suas le 512 charachtar alfa-uimhriúla ar fhad a chur isteach.

Le haghaidh daoine nádúrtha:

Ainm an duine mar a shonraítear i ndoiciméad taistil a aithnítear a bheith bailí chun teorainn sheachtrach an Aontais a thrasnú nó mar a shonraítear i gclár pearsanta náisiúnta an Bhallstáit cónaithe.

I gcás oibreoirí eacnamaíocha a áirítear i gclár gnó an Bhallstáit bunaíochta:

Ainm dlíthiúil an oibreora eacnamaíoch mar atá cláraithe i gclár gnó na tíre bunaíochta.

I gcás oibreoirí eacnamaíocha nach n-áirítear i gclár gnó an Bhallstáit bunaíochta:

Ainm dlíthiúil an oibreora eacnamaíoch mar a shonraítear sa ghníomh bunaíochta.

E.S. 3 – seoladh na bunaíochta/seoladh cónaithe

Seoladh iomlán na háite ina bhfuil an duine bunaithe/ina bhfuil cónaí air, lena n-áirítear an tSráid agus an uimhir, Cód poist, Cathair, Cód tíre.

Réimse	Ábhar	Cineál réimse	Formáid	Samplaí
1	Sráid agus uimhir	Alfa-uimhriúil 70	au..70	Franklin 28
2	Cód poist	Alfa-uimhriúil 9	au..9	1000
3	Cathair	Alfa-uimhriúil 35	au..35	An Bhruiséil
4	Cód Tíre	Aibítreach 2	a2	ISO alpha 2: BE

E.S. 4 – bunaíocht i gcríoch chustaim an Aontais

Chun a léiriú cibé acu atá nó nach bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais. Ní úsáidtear an eilimint sonraí seo ach amháin i gcás oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil seoladh acu i dtríú tír.

Cineál réimse	Formáid	Cóid a úsáidtear
Uimhriúil 1	n1	0 Nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais 1 Bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais

E.S. 5 – Uimhir/uimhreacha aitheantais CBL
Beidh réimír cóid tíre (ISO alpha 2) ag gach uimhir aitheantais aonair CBL lenar féidir an Ballstát eisiúna a shainaithint.
Dá ainneoin sin, is féidir leis an nGréig leas a bhaint as an réimír 'EL'.

Réimse	Ábhar	Cineál réimse	Formáid	Samplaí	Bunuimhreacht
1	Aitheantóir an Bhallstáit a shannann an uimhir (cód tíre ISO alpha 2)	Aibítreach 2	a2	EL	99x
2	Aitheantóir uathúil i mBallstát	Alfa-uimhriúil 15	au..15	EL123456789	

Ón 1 Iúil 2010, ní mór uimhreacha aitheantais CBL, i gcás ina sannann Ballstáit iad, a uaslódáil chuig lárchóras EORI. Féadfar níos mó ná uimhir CBL amháin (ach suas le 99 n-uimhir) a chumhdach ag brath ar an gcás ar leith. Daoine a ghabhann do ghníomhaíochtaí inchánacha i roinnt Ballstát, beidh roinnt uimhreacha CBL acu. Mar sin féin, ní gá ach uimhir CBL a shanntar don duine sin (seachas dá fhochuideachta, cuir i gcás) a uaslódáil mar aon le huimhir EORI. Beidh ar na húdaráis fhreagracha i mBallstát an chlárúcháin gach uimhir CBL a fuair siad ó dhuine ar sannadh uimhir EORI dó a uaslódáil tar éis dóibh barántúlacht na n-uimhreacha sin a dheimhniú.

Ní mór do na Ballstáit uimhreacha CBL a scriosadh ó lárchóras EORI a luaithe nach mbeidh siad bailí a thuilleadh.

E.S. 6 - Stádas dlíthiúil
Ní bheidh bailiú na heiliminte sonraí seo éigeantach le haghaidh na mBallstát.
Suas le 50 carachtar alfa-uimhriúil is féidir a chur sa réimse.
Mar a luaitear sa ghníomh bunaíochta.

E.S. 7 – Faisnéis teagmhála
Sonraí a bhféadfadh na Ballstáit a chinneadh iad a tharscaoileadh.
Ainm agus seoladh an teagmhálaí, mar aon le haon cheann díobh seo a leanas: uimhir ghutháin, uimhir facs, seoladh ríomhphoist.

Réimse	Ábhar	Cineál réimse	Formáid	Bunuimhreacht
1	Ainm an teagmhálaí	Alfa-uimhriúil 70	au..70	9X
2	Sráid agus uimhir	Alfa-uimhriúil 70	au..70	
3	Cód poist	Alfa-uimhriúil 9	au..9	
4	Cathair	Alfa-uimhriúil 35	au..35	
5	Uimhir theileafóin	Alfa-uimhriúil 50	au..50	
6	Uimhir facs	Alfa-uimhriúil 50	au..50	
7	Seoladh ríomhphoist	Alfa-uimhriúil 50	au..50	

E.S. 8 – Uimhir aitheantais uathúil tríú tír
Ní bheidh bailiú na heiliminte sonraí seo (au..17) éigeantach le haghaidh na mBallstát.
Is é 99x bunuimhreacht na heiliminte sonraí seo.
I gcás duine nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais:
Uimhir aitheantais, i gcás ina sannann na húdaráis inniúla i dtríú tír don duine lena mbaineann í chun oibreoirí eacnamaíocha a shainaithint chun críoch custaim.

E.S. 9 – toiliú le nochtadh na sonraí pearsanta a liostaítear i bpointí 1, 2 agus 3

Cineál réimse	Formáid	Cóid a úsáidtear
Uimhriúil 1	n1	'0' Ní fhoilseofar '1' Foilseofar

E.S. 10 – ainm gearr
Ainm gearr an duine chláraithe (alfa-uimhriúil, 70 carachtar ar a mhéad).

Sampla:

Is é BAT ainm gearr na cuideachta British American Tobacco

E.S. 11 – Dáta bunaíochta
Ní bheidh bailiú na heiliminte sonraí seo (u..8) éigeantach le haghaidh na mBallstát.
Le haghaidh daoine nádúrtha: dáta breithe
Le haghaidh daoine dlítheanacha agus comhlachais daoine dá dtagraítear in Airteagal 5(4) den Chód: an dáta bunaíochta mar a léirítear i gclár gnó na tíre bunaíochta nó sa ghníomh bunaíochta i gcás nach bhfuil an duine ná an comhlachas cláraithe sa chlár gnó.

E.S. 12 – Cineál duine
Ní bheidh bailiú na heiliminte sonraí seo éigeantach le haghaidh na mBallstát.

Cineál réimse	Formáid	Cóid a úsáidtear
Uimhriúil 1	n1	'1' Duine nádúrtha '2' Duine dlítheanach Comhlachas daoine nach duine dlítheanach é ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlí a dhéanamh.

E.S. 13 – Príomhghníomhaíocht eacnamaíoch
Ní bheidh bailiú na heiliminte sonraí seo éigeantach le haghaidh na mBallstát.
Cód na príomhghníomhaíochta eacnamaíche (au4) i gcomhréir leis an Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha san Aontas Eorpach (NACE) a liostaítear i gclár gnó an Bhallstáit lena mbaineann.

Sampla:

4690 - Trádáil mhórdhíola neamhspeisialaithe

E.S. 14 – Dáta tosaigh na huimhreach EORI
An chéad lá (bbbbmmll – 8 gcarachtar uimhriúla) de thréimhse bhailíochta thaifead EORI. Ciallaíonn sé sin an chéad lá is féidir leis an oibreoir eacnamaíoch úsáid a bhaint as uimhir EORI le haghaidh malartú leis na húdaráis chustaim.
Maidir leis an dáta tosaigh, ba cheart na rialacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- Ní fhéadfaidh an dáta tosaigh a bheith roimh an dáta a tháinig córas EORI i bhfeidhm (1 Iúil 2009);
- I gcás Ballstáit a tháinig isteach san Aontas Eorpach tar éis an 1 Iúil 2009, ní fhéadfaidh an dáta tosaigh a bheith roimh an dáta aontachais;
- Ní fhéadfaidh an dáta tosaigh a bheith roimh an dáta bunaíochta;
- Ní fhéadfar an dáta tosaigh a mhodhnú má tá an uimhir EORI bailí cheana féin…

E.S. 15 – dáta éaga na huimhreach EORI

An lá deiridh (bbbbmmll – 8 gcarachtar uimhriúla) de thréimhse bhailíochta thaifead EORI. Ciallaíonn sé sin an lá deiridh is féidir leis an oibreoir eacnamaíoch úsáid a bhaint as uimhir EORI le haghaidh malartú leis na húdaráis chustaim.

Ní mór an fhaisnéis sin a choinneáil ar feadh 10 mbliana tar éis an dáta éaga chun ceartú dearbhuithe custaim, ar comhdaíodh iad sula raibh an t-oibreoir eacnamaíoch neamhghníomhach, a éascú (nóta 5 de Chaibidil 1, Teideal I, Iarscríbhinn 12-01 a ghabhann le CCA GT).

IARSCRÍBHINN II

Samplaí d'fhoirmeacha arb é atá iontu de réir dlí náisiúnta na mBallstát daoine dlítheanacha nó comhlachais daoine a n-aithnítear go bhfuil an inniúlacht acu gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh ach nach bhfuil stádas dlíthiúil duine dhlítheanaigh acu (féach roinn 1.1.1).

Ballstát	Daoine dlítheanacha	Comhlachais daoine a n-aithnítear go bhfuil an inniúlacht acu gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh ach nach bhfuil stádas dlíthiúil duine dhlítheanaigh acu
BE	▪ Société Privée à Responsabilité Limitée (S.P.R.L.), ▪ Société Anonyme (SA), ▪ Société Coopérative à Responsabilité Illimitée (SCRI)	Société en Commandite Simple (SCS)
BG	▪ Акционерните дружества (АД); ▪ Еднолични акционерни дружества (ЕАД); ▪ Акционерно дружество със специална инвестиционна цел (АДСИЦ); ▪ Дружество с ограничена отговорност (ООД); ▪ Еднолични дружество с ограничена отговорност (ЕООД); ▪ Сдружения и фондации с нестопанска цел; ▪ Както и всички останали лица, които са вписани в Търговския регистър	▪ ·Командните дружества (КД); ▪ ·Командно дружество с акции (КДА); ▪ ·Събирателно дружество (СД); ▪ ·Кооперации; ▪ ·Кооперативни предприятия; ▪ ·Между кооперативни предприятия; ▪ ·Клон на чуждестранно дружество (КЧД); ▪ ·Търговец – публично предприятие (Т-ПП); ▪ ·Търговско предприятие; ▪ ·Едноличен търговец (ЕТ) – физическо лице, което съгласно българското законодателство може да сключва и да извършва търговски сделки
CZ	▪ Veřejná obchodní společnost ▪ Komanditní společnost ▪ Společnost s ručením omezeným ▪ Akciová společnost ▪ Družstvo ▪ Státní podnik	
DK	▪ Aktieselskab (A/S) ▪ Anpartsselskab (ApS) ▪ Selvejende Institution	Interessentskab (I/S)
DE	▪ Gesellschaft mit beschränkter Haftung (GmbH), ▪ Aktiengesellschaft (AG), ▪ Eingetragener Verein (e.V.), ▪ Kommanditgesellschaft auf Aktien (KGaA, GmbH & Co. KGaA, Stiftung & Co. KGaA),	▪ BGB-Gesellschaft (GbR), ▪ Partnerschaftsgesellschaft (+ Partner), ▪ offene Handelsgesellschaft (OHG, GmbH & Co. OHG), ▪ Kommanditgesellschaft (KG,

	▪ Eingetragene Genossenschaft (eG), ▪ Stiftung des Privatrechts (Stiftung)	GmbH & Co. KG, Limited & Co. KG, AG & Co. KG, Stiftung & Co. KG, Stiftung GmbH & Co. KG), ▪ Stille Gesellschaft
EE	▪ Täisühing (TÜ) ▪ Usaldusühing (UÜ) ▪ Osaühing (OÜ) ▪ Aktsiaselts (AS) ▪ Tulundusühistu (-) ▪ Mittetulundusühing (MTÜ) ▪ Sihtasutus (SA)	
IE	▪ Cuideachta faoi dhliteanas teoranta ▪ Cuideachta dliteanais neamhtheoranta ▪ Comhlachtaí reachtúla	▪ Comhpháirtíocht ▪ Iontaobhas
EL	▪ Ανώνυμη Εταιρεία (Α.Ε.) ▪ Ομόρρυθμη Εταιρεία (Ο.Ε.) ▪ Ετερόρρυθμη Εταιρεία (Ε.Ε.) ▪ Εταιρεία Περιορισμένης Ευθύνης (Ε.Π.Ε.) ▪ Ιδιωτική Κεφαλαιουχική Εταιρεία (Ι.Κ.Ε.) ▪ Νομικό Πρόσωπο Δημοσίου Δικαίου (Ν.Π.Δ.Δ.) ▪ Νομικό Πρόσωπο Ιδιωτικού Δικαίου (Ν.Π.Ι.Δ.) ▪ Συνεταιρισμός ▪ Σωματείο ▪ Ίδρυμα	Συμμετοχική ή αφανής εταιρεία
ES	▪ Sociedad Anónima (S.A.), ▪ Sociedad Limitada (S.L), ▪ Sociedad colectiva, ▪ Sociedad Comanditaria, ▪ Sociedad Cooperativa, ▪ Sociedad civil con personalidad jurídica, ▪ Corporaciones locales, ▪ Organismos públicos	▪ Comunidad de propietarios, ▪ Comunidad de bienes y herencias yacentes, ▪ Uniones temporales de empresas, ▪ sociedad civil sin personalidad jurídica.
FR	▪ Société anonyme (SA) ▪ Société coopérative de production (SCOP); ▪ Société coopérative ; ▪ Société par actions simplifiée (SAS) ; ▪ Société par actions simplifiée unipersonnelle (SASU) ; ▪ Société à responsabilité limitée (SARL) ; ▪ Société d'Exercice Libéral à Responsabilité Limitée (SELARL) ▪ Entreprise unipersonnelle à responsabilité limitée (EURL) ; ▪ Société en commandite simple (SCS) ; ▪ Société en commandite par actions (SCA) ; ▪ Société en nom collectif (SNC) ; ▪ Société anonyme sportive professionnelle (SASP). ▪ Société civile immobilière (SCI) ; ▪ Société civile professionnelle (SCP) ; ▪ Société civile de moyens (SCM) ; ▪ Société d'exercice libéral (SEL) ;	▪ Toute personne physique ; ▪ établissement ; ▪ Régie intéressée ; ▪ Régie de service public. Il n'y a pas de limite ou de liste définie car n'importe qui peut rentrer dans le champ d'application de cette définition notamment via une procuration.

	▪ Etablissement public à caractère industriel et commercial (EPIC) ; ▪ Etablissement public à caractère administratif (EPA) ; ▪ Établissements publics à caractère scientifique et technologique (EPST) ▪ Établissements publics à caractère scientifique, culturel et professionnel (EPCSCP) ▪ Établissements publics de coopération scientifique (EPCS) ▪ Établissements publics de coopération culturelle (EPCC) ▪ Établissements publics économiques ▪ Établissements publics de coopération intercommunale[4] (EPCI) ▪ Établissements publics de santé (EPS) ▪ Établissements publics du culte ▪ Établissements publics sociaux ou médico-sociaux ▪ Offices public de l'habitat (OPH), qui succèdent aux OPAC et aux Officices publics d'HLM (OPHLM). ▪ Caisse des écoles (Établissements publics locaux) ▪ Services départementaux d'incendie et de secours (SDIS) ▪ L'Etat Français ; ▪ Collectivités territoriales et leurs groupements (communes, départements, régions, collectivités d'outre-mer, intercommunalités, cantons, arrondissements,...) ; ▪ groupements d'intérêt public (GIP) ; ▪ autorités publiques indépendantes (AAI). ▪ groupements d'intérêt économique (GIE) ; ▪ groupements européens d'intérêt économique (GEIE) ▪ syndicats ; ▪ fondations d'entreprise ; ▪ fondation reconnue d'utilité publique ; ▪ fondation abritée ; ▪ Association de fait, ou non déclarée ; ▪ association déclarée ; ▪ associations agrées ; ▪ associations reconnues d'utilité publique (RUP) ; ▪ associations intermédiaires ;	
TF	▪ Società a responsabilità limitata (S.r.l.) ▪ Società per Azioni (S.p.A.)	▪ Società in nome collettivo (S.n.c.) ▪ Società in accomandita semplice (S.a.s.)
CY	▪ Δημόσια Εταιρεία, ▪ Ιδιωτική Εταιρεία περιορισμένης ευθύνης	▪ Συνεταιρισμός, Σωματείο, ▪ Ίδρυμα, Λέσχη
LV	▪ Sabiedrība ar ierobežotu atbildību (SIA), ▪ Akciju sabiedrība (AS),	▪ Komandītsadiedrība (KS), ▪ Pilnsabiedrība (PS)

	▪ Individuālais komersants (IK)	
LT	▪ Akcinė bendrovė (AB) ▪ Uždaroji akcinė bendrovė (UAB) ▪ Mažoji bendrija (MB) ▪ Žemės ūkio bendrovė (ŽŪB) ▪ Kooperatinė bendrovė (kooperatyvas) ▪ Tikroji ūkinė bendrija (TŪB) ▪ Komanditinė ūkinė bendrija (KŪB) ▪ Individuali įmonė (IĮ) ▪ Europos bendrovė ▪ Europos kooperatinė bendrovė ▪ Europos ekonominių interesų grupė ▪ Advokatų profesinė bendrija ▪ Privačių detektyvų bendrija ▪ Valstybės įmonė (VĮ) ▪ Savivaldybės įmonė ▪ Biudžetinė įstaiga (BĮ) ▪ Viešoji įstaiga (VšĮ) ▪ Asociacija ▪ Labdaros ir paramos fondas ▪ Bendrija ▪ Sodininkų bendrija ▪ Politinė partija ▪ Tradicinė religinė bendruomenė ar bendrija ▪ Religinė bendruomenė ar bendrija ▪ Profesinė sąjunga ir jų susivienijimas ▪ Nuolatinė arbitražo institucija ▪ Europos teritorinio bendradarbiavimo grupė ▪ Šeimyna ▪ Centrinis bankas ▪ Prekybos, pramonės ir amatų rūmai ▪ Lietuvos prekybos, pramonės ir amatų rūmų asociacija ▪ Bendras valdymo ir pranešimų centras	Be
LU	▪ Entreprise individuelle ▪ Société à responsabilité limitée unipersonnelle ▪ Société à responsabilité limitée (Sàrl) ▪ Société anonyme (SA) ▪ Société en nom collectif (SNC) ▪ Société coopérative ▪ Groupement d'intérêt économique (GIE) ▪ Société civile (SC) et Société civile immobilière (SCI) ▪ Société européenne (SE)	▪ Société en commandite simple (SCS)
HU	▪ korlátolt felelősségű társaság (kft.), ▪ részvénytársaság (rt.), ▪ közhasznú társaság (kht.), ▪ egyesület, ▪ köztestület, ▪ vállalat, ▪ leányvállalat, ▪ alapítvány, ▪ egyesülés, ▪ költségvetési szerv, ▪ szövetkezet, ▪ tröszt	▪ közkereseti társaság (kkt.), ▪ betéti társaság (bt.), ▪ külföldi székhelyű vállalkozás magyarországi fióktelepe ▪ egyéni vállalkozó (e.v.) ▪ egyéni cég (e.c.)

MT	▪ Cuideachta theoranta ▪ Cuideachta faoi dhliteanas poiblí	Comhpháirtíochtaí tráchtála eile
NL	▪ Besloten vennootschap met beperkte aansprakelijkheid (BV) ▪ Naamloze vennootschap (NV) ▪ Vereniging ▪ Coöperatieve vereniging ▪ Stichting ▪ Publiekrechtelijk rechtspersoon	▪ Maatschap ▪ Commanditaire vennootschap ▪ Vennootschap onder firma
AT	▪ Aktiengesellschaft - Namenszusatz „*Aktiengesellschaft*“ oder „*AG*“ ▪ Bund, einschl. Gebietskörperschaften ▪ Bundeskammer, Landeskammer ▪ Bundesland, einschl. Gebietskörperschaften ▪ Europäische Genossenschaft - mit voran- oder nachgestelltem Namenszusatz *„SCE“* und gegebenenfalls mit der Ergänzung *„mit beschränkter Haftung“* bzw. *„mbH“* ▪ Europäische Gesellschaft - mit voran- oder nachgestelltem Namenszusatz *„SE“* ▪ Fonds ▪ Gemeinde ▪ Genossenschaft mit beschränkter Haftung - mit Namenszusatz „*Genossenschaft mit beschränkter Haftung*“, „*Genossenschaft mbH*“ oder „*GenmbH*“ ▪ Genossenschaft - mit Namenszusatz „*Genossenschaft*“ oder „*Gen*“ ▪ Gesellschaft mit beschränkter Haftung - mit Namenszusatz „*Gesellschaft mit beschränkter Haftung*“, „*Gesellschaft mbH*“, „*GesmbH*“ oder „*GmbH*“ ▪ Privatstiftung - mit Namenszusatz „*Privatstiftung"* ▪ Österreichisches Filminstitut ▪ Sozialversicherungsanstalt, Krankenkasse ▪ Stiftung zur Erfüllung gemeinnütziger oder mildtätiger Aufgaben - im Namen muss ein Hinweis auf den Stiftungszweck enthalten sein ▪ Universität ▪ Verein - Name des Vereins muss einen Schluss auf den Vereinszweck enthalten ▪ gesetzlich anerkannte Kirchen und Religionsgemeinschaften	▪ Europäische Wirtschaftliche Interessenvereinigung - mit dem Namenszusatz „EWIV“. ▪ Gesellschaft bürgerlichen Rechts - mit Namenszusatz „GesbR“ ▪ Gesellschaft mit beschränkter Haftung & Kommanditgesellschaft - mit Namenszusatz der Gesellschaft mit beschränkter Haftung ergänzt um „& Co KG“ ▪ Kommanditgesellschaft (einschließlich Kommandit-Erwerbsgesellschaft (KEG)) - mit Namenszusatz „Kommanditgesellschaft“ oder „KG“ (gilt auch für KEGs ab 1. Jänner 2010) ▪ Offene Gesellschaft (darunter fallen auch offen Handelsgesellschaften (OHG) und offene Erwerbsgesellschaften (OEG) - mit Namenszusatz „Offene Gesellschaft“ oder „OG“
PL	▪ spółka z ograniczoną odpowiedzialnością ▪ spółdzielnia ▪ spółka akcyjna ▪ fundacja ▪ stowarzyszenie	▪ spółka jawna, ▪ spółka komandytowa ▪ spółka partnerska; ▪ spółka komandytowo-akcyjna ▪ wspólnota mieszkaniowa
PT	▪ Sociedade Anónima (SA), Sociedade por Quotas, ▪ Sociedade em Comandita, ▪ Sociedade em nome colectivo.	
RO	▪ societate in nume colectiv	▪ asociatiile familiale

	▪ societate in comandita simpla ▪ societate pe actiuni (SA) ▪ societate in comandita pe actiuni ▪ societate cu raspundere limitata (SRL)	▪ asociatiune in participatiune
SI	Pravne osebe zasebnega prava: ▪ društvo ▪ delniška družba (d.d.) ▪ družba z omejeno odgovornostjo (d.o.o.) ▪ komanditna delniška družba (k.d.d.) ▪ zadruga ▪ gospodarsko interesno združenje (g.i.z.) ▪ družba z neomejeno odgovornostjo (d.n.o.) ▪ komanditna družba (k.d.) Pravne osebe javnega prava: ▪ javni zavodi ▪ javni skladi ▪ javne agencije ▪ Banka Slovenije	▪ Združba oseb na podlagi ▪ družbene pogodbe (societeta).
SK	▪ Spoločnosť s ručením obmedzeným ▪ Akciová spoločnosť ▪ Verejná obchodná spoločnosť ▪ Komanditná spoločnosť ▪ Družstvo ▪ Štátny podnik	Občianske združenie
FI	▪ Avoin yhtiö (öppet bolag) ▪ Kommandiitti yhtiö (kommanditbolag) ▪ Osakeyhtiö (aktiebolag) ▪ Osuuskunta (andelslag) ▪ Säätiö (stiftelse) ▪ Valtion tai kunnan laitos (statlig eller kommunförbundets inrättning) ▪ Yhdistys (förening) ▪ Yksityinen elinkeinonharjoittaja (enskild näringsidkare)	Eurooppalainen taloudellinen etuyhtymä (Europeisk ekonomisk intressegruppering)
SE	▪ Aktiebolag (AB), ▪ Handelsbolag (HB), ▪ Kommanditbolag (KB) ▪ Ekonomiska föreningar ▪ Statliga och kommunala myndigheter (här ingår även landsting) ▪ Stiftelser	
UK (i ndáil le Tuaisceart Éireann)	▪ Dílseánach aonair, Comhpháirtíocht, Cuideachta	comhpháirtíocht chláraithe
HR	▪ trgovačka društva (društvo s ograničenom odgovornošću, dioničko društvo, gospodarsko interesno udruženje, javno trgovačko društvo, komanditno društvo) ▪ trgovac pojedinac ▪ udruge registrirane u Registar udruga ▪ ostale pravne osobe upisane u Sudskom registru (ustanove, zadruge) ▪ gospodarska interesna udruženja,	▪ ortakluk ▪ udruge koje nisu registrirane ni upisane u Registar udruga

	podružnice inozemnih trgovačkih društava ▪ državna tijela, tijela jedinica lokale i područne (regionalne) samouprave te druga javnopravna tijela	